

TREOIRLÍNTE MAIDIR LE MEASÚNUITHE IDIR- INOIBRITHEACHTA

Leagan 1.0 arna ghlacadh ag an mBord um Eoraip Idir-inoibritheach
an 05.12.24

Clár na nÁbhar

Achoimre Feidhmiúcháin	3
Maidir leis na treoirlínte seo	5
1. Cad iad measúnuithe idir-inoibritheachta agus cén fáth a bhfuil siad ábhartha?	8
1.1 An méid a luaitear sa Ghníomh um Eoraip Idir-inoibritheach	9
1.2 Cad is idir-inoibritheacht ann?	9
1.3 An príomhchúis le haghaidh measúnuithe idir-inoibritheachta	11
1.4 Conas is féidir le measúnuithe cabhrú le seirbhísí poiblí digiteacha níos fearr a sholáthar ar chostas níos ísle?	11
2. Cén uair is gá measúnú idir-inoibritheachta a dhéanamh go dlíthiúil?	13
2.1 Na príomhchoincheapa i gcomhthéacs measúnuithe idir-inoibritheachta	14
2.1.1 Ceanglais cheangailteacha?	14
2.1.2 Comhlachtaí san earnáil phoiblí agus eintitis de chuid an Aontais?	16
2.1.3 Maidir le seirbhísí poiblí digiteacha tras-Eorpacha?	16
2.1.4 Idir-inoibritheacht trasteorann?	18
2.2 Crann cinnteoireachta.....	18
2.3 Samplaí	22
3. Conas measúnú idir-inoibritheachta a dhéanamh?	24
3.1 Moltaí ginearálta	26
3.2 Ullmhúchán	26
3.2.1 An gá atá le measúnú idir-inoibritheachta a shainaithint.....	27
3.2.2 Raon feidhme agus cuspóirí an mheasúnaithe a shainiú	27
3.2.3 Foireann measúnaithe ildisciplíneach a chur le chéile	27
3.2.4 Geallsealbhóirí ábhartha a shainaithint	28
3.3 Anailís tosaigh	28
3.3.1 Athbhreithniú a dhéanamh ar dhoiciméadacht agus ar bheartais lena dtugtar tuairisc ar cheanglais.....	29
3.3.2 Ceanglais cheangailteacha ábhartha a shainaithint.....	30
3.3.3 Na seirbhísí poiblí digiteacha tras-Eorpacha a ndearnadh difear dóibh a mhapáil....	31
3.3.4 Páirt a thabhairt do gheallsealbhóirí.....	33
3.4 Measúnú ar idir-inoibritheacht trasteorann.....	34
3.4.1 Anailís a dhéanamh ar éifeachtaí ar idir-inoibritheacht trasteorann	35
3.5 Sainaithint réitigh	39
3.5.1 Taighde agus meastóireacht a dhéanamh ar réitigh ábhartha um Eoraip Idir-inoibritheach	39
3.5.2 Réitigh idir-inoibritheachta atá ábhartha don taighde	40

3.5.3 Réitigh ábhartha um Eoraip Idir-inoibritheach a mheas agus a roghnú.....	40
3.6 Tuairisciú	40
3.7 Obair leantach	41
Achoimre 41	
4. Conas measúnú a dhoiciméadú i dtuarascáil chuimsitheach?	43
4.1 Foilsiú ar shuíomh gréasáin oifigiúil.....	44
4.2 Meaisín-inléiteacht	45
4.3 Ábhar íosta na tuarascála.....	45
4.4 Comhroinnt leis an mBord um Eoraip Idir-inoibritheach	48
4.5 Faisnéis íogair a chosaint	48
Achoimre 49	
5. Conas rialachas fóna a bhunú don phróiseas measúnaithe idir-inoibritheachta i d'eagraíocht?	50
5.1 Comhdhéanamh an rialachais fhóna.....	51
5.2 Spleáchas ar chomhthéacs.....	53
5.2.1 Struchtúir rialtais	53
5.2.2 Aibíocht idir-inoibritheachta	53
5.2.3 Ceachtanna a foghlaimíodh ó chásanna roimhe seo	54
5.2.4 Rialachas gaolmhar atá ann cheana	54
5.3 Inbhuanaitheacht, feabhas leanúnach agus foghlaim fhrithpháirteach	54
5.4 Cumasóirí (boga)	55
5.4.1 Cultúr eagraíochtúil	55
5.4.2 Scileanna le haghaidh measúnuithe idir-inoibritheachta	55
5.4.3 Féach an féidir athúsáid agus uathobriú a dhéanamh.....	56
Achoimre 56	
6. Tuilleadh acmhainní agus tuilleadh forbartha ar na treoirlínite seo.....	57
6.1 Acmhainní atá ann cheana.....	58
6.2 Uirlisiú amach anseo	59
6.3 Treoirlínite a fhorbairt amach anseo	59

Achoimre Feidhmiúcháin

Cinntítear le measúnuithe idir-inoibritheachta, mar a shainordaítear leis an nGníomh um Eoraip Idir-inoibritheach, go bhfeidhmíonn seirbhísí poiblí digiteacha trasteorann gan uaim agus go héifeachtúil ar fud an Aontais. Tugtar aghaidh sna measúnuithe sin ar ghnéithe dlíthiúla, eagraíochtúla, séimeantacha agus teicniúla, rud a éascaíonn soghluaisteacht saoránach agus gnólachtaí ar fud an Aontais. Cuimsítear sa phróiseas ullmhúcháin, próiseas atá riachtanach nuair a bhíonn tionchar ag ceanglais cheangailteacha ar idirghníomhaíochtaí trasteorann, sainaitheint páirtithe leasmhara, anailís tosaigh, agus measúnú mionsonraithe ag baint úsáide as an gCreat Eorpach Idir-inoibritheachta (CEI) mar uirlis tacaíochta. Ní mór tuarascálacha a bheith cuimsitheach, inléite ag meaisín, agus ní mór iad a fhoilsiú go poiblí agus a chomhroinnt leis an mBord um Eoraip Idir-inoibritheach. Tá rialachas éifeachtach riachtanach, le ról shoiléire, comhtháthú i sreafaí oibre atá ann cheana, agus feabhsú leanúnach trí mhachnamh agus comhroinnt dea-chleachtas, ag teacht le tiomantas an Choimisiúin Eorpaigh an t-ualach riaracháin a laghdú agus iomaíochas méadaithe.

Caibidil 1: Cad iad measúnuithe idir-inoibritheachta agus cén fáth a bhfuil siad ábhartha?

Is meastóireachtaí iad measúnuithe idir-inoibritheachta a cheanglaítear le hAirteagal 3 den Gníomh um Eoraip Idir-inoibritheach. Cinntítear leo go gcuirtear saincheistanna idir-inoibritheachta trasteorann san áireamh i gceanglais cheangailteacha maidir le seirbhísí poiblí digiteacha tras-Eorpacha sula gcuirtear chun feidhme iad. Tá na measúnuithe sin rithábhachtach toisc go n-éascaítear leo idirghníomhaíochtaí digiteacha rianúla i measc eagraíochtaí poiblí, rud atá rithábhachtach do shoghluaisteacht saoránach agus gnólachtaí ar fud an Aontais. Le measúnuithe idir-inoibritheachta cumhdaítear gnéithe dlíthiúla, eagraíochtúla, séimeantacha agus teicniúla, lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin amhail creataí dlíthiúla éagsúla, struchtúir eagraíochtúla, teangacha agus acmhainní teicniúla éagsúla i measc na mBallstát. Cuidíonn siad le hualaí riaracháin a laghdú agus le piarfhoghlaim a chur chun cinn, rud a fheabhsaíonn cáilíocht agus inrochtaineacht seirbhísí poiblí digiteacha tras-Eorpacha ar deireadh.

Caibidil 2: Cén uair a bhíonn measúnú idir-inoibritheachta riachtanach go dlíthiúil?

Soiléirítear sa chaibidil seo cathain atá measúnuithe idir-inoibritheachta éigeantach faoin nGníomh um Eoraip Idir-inoibritheach. Sainítear ann príomhchoincheapa ar nós seirbhísí poiblí digiteacha tras-Eorpacha agus ceanglais cheangailteacha. Cuirtear crann cinnteoireachta ar fáil chun cuidiú lena chinneadh an bhfuil gá le measúnú. Léirítear le samplaí cásanna ina bhfuil gá le measúnuithe nó nach bhfuil gá leo, cuir i gcás réitigh náisiúnta a oiriúnú do mhalartú sonraí an Aontais nó seirbhísí digiteacha a sholáthar nach mbaineann idirghníomhaíochtaí trasteorann leo. Leagtar béim sa chaibidil ar a thábhachtaí atá measúnuithe luatha agus soiléirítear inti go bhféadfadh measúnuithe tógáil ar mheastóireachtaí a rinneadh roimhe seo gan athrá a bheith ag teastáil mura ndéantar modhnuithe suntasacha.

Caibidil 3: Conas measúnú idir-inoibritheachta a dhéanamh?

Sa chaibidil seo tugtar treoir céim ar chéim maidir le measúnú idir-inoibritheachta a dhéanamh. Áirítear ann céimeanna ullmhúcháin, mar shampla an gá atá le measúnú a shainaithint, raon feidhme agus cuspóirí a shainiú, foireann a chur le chéile, agus geallsealbhóirí a shainaithint. Is éard atá i gceist leis an anailís tosaigh athbhreithniú a dhéanamh ar dhoiciméadacht, ceanglais cheangailteacha a shainaithint, seirbhísí dá ndéantar difear a mhapáil, agus agallaimh a dhéanamh le páirtithe leasmhara. Scrúdaítear sa phríomh-mheasúnú tionchar na gceanglas ceangailteach ar idir-inoibritheacht trasteorann ar fud gnéithe dlíthiúla, eagraíochtúla, séimeantacha agus teicniúla. Cuirtear dea-chleachtais agus samplaí, ar

nós úsáid a bhaint as an gCreat Eorpach Idir-inoibritheachta (CEI) agus uirlisí speisialaithe ar nós measúnuithe aibíochta idir-inoibritheachta, ar fáil chun an próiseas a threorú.

Caibidil 4: Conas measúnú a dhoiciméadú i dtuarascáil chuimsitheach?

Is táirge insoláthartha criticiúil í an tuarascáil mheasúnaithe, ina ndéantar achoimre ar cheanglais cheangailteacha, ar sheirbhísí a ndéantar difear dóibh, agus ar éifeachtaí idir-inoibritheachta sainaitheanta. Ní mór é a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin oifigiúil, ní mór é a bheith meaisín-inléite, agus ní mór ábhar sonrach a bheith ann mar a shainordaítear leis an nGníomh um Eoraip Idir-inoibritheach. Leagtar amach sa chaibidil an t-ábhar íosta is gá, mar shampla faisnéis ghinearálta, éifeachtaí sainaitheanta, agus réitigh idir-inoibritheachta ábhartha. Soláthraítear leis moltaí chun inléiteacht meaisín a chinntiú agus tugtar comhairle maidir le faisnéis íogair a chosaint. Ba cheart an tuarascáil a roinnt go leictreonach leis an mBord um Eoraip Idir-inoibritheach chun cabhrú le cinnteoireacht agus monatóireacht.

Caibidil 5: Conas rialachas fónta a bhunú ar an bpróiseas measúnaithe idir-inoibritheachta i d'eagraíocht?

Tá rialachas éifeachtach ríthábhachtach chun go n-éireoidh le measúnuithe idir-inoibritheachta. Pléitear sa chaibidil seo an tábhacht a bhaineann le tosca éagsúla amhail spleáchas ar chomhthéacs, leagan amach eagraíochtúil, inbhuanaitheacht agus mionchoigeartú an phróisis measúnaithe. Moltar ann measúnuithe a chomhtháthú i sreafaí oibre riaracháin atá ann cheana agus béim á leagan ag an am céanna ar na chéad chéimeanna atá le glacadh chomh maith leis an ngá atá le feabhas leanúnach trí mhachnamh agus trí dhea-chleachtais a chomhroinnt. Cuidíonn sé sin freisin le cur chuige ceaptha beartas atá réidh don digitiú a chumasú, i.e., beartais agus reachtaíocht atá réidh don digitiú a cheapadh trí ghnéithe digiteacha a mheas ó thús an timthrialla beartais, lena gcinntítear go mbeidh siad réidh don ré dhigiteach, slán i bhfad na haimsire agus idir-inoibritheach.

Caibidil 6: Tuilleadh acmhainní agus tuilleadh forbartha ar na treoirlínte seo

Leagtar amach sa chaibidil seo na hacmhainní atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo chun measúnuithe idir-inoibritheachta a dhéanamh. Feidhmíonn an tairseach um Eoraip Idir-inoibritheach mar mhol lárnach le haghaidh malartú eolais agus acmhainní, lena n-áirítear faisnéis maidir leis an gCreat Eorpach Idir-inoibritheachta (CEI) agus a bhosca uirlisí, chomh maith le naisc leis an Acadamh um Eoraip Idir-inoibritheach. Beidh uirlisí agus acmhainní ar líne amach anseo, arna bhforbairt ag an gCoimisiún Eorpach freisin, ar fáil chun cabhrú le measúnuithe a dhéanamh agus tuarascálacha a fhoilsiú. Leanfaidh na treoirlínte féin de bheith ag forbairt, ag oiriúnú d'imthosca nua agus do mheasúnuithe éigeantacha, agus meastar go ndéanfar iad a athbhreithniú go minic chun cleachtais reatha agus eispéiris úsáideoirí a léiriú.

Maidir leis na treoirlíní seo

I ré ina bhfuil claochlú digiteach tapa ag tarlú, tá sé d'aidhm leis an [Gníomh um Eoraip Idir-inoibritheach \(IEA\)](#)¹ borradh a chur faoi sheachadadh rianúil seirbhísí poiblí digiteacha ar fud an Aontais Eorpaigh. Tá an idir-inoibritheacht rithábhachtach chuige sin — cumas eagraíochtaí agus córas éagsúil idirghníomhú go héifeachtach, sonraí a mhalartú agus a chinntiú ní hamháin go bhfuil seirbhísí poiblí chun cinn ó thaobh na teicneolaíochta de ach go bhfuil siad inrochtana agus dírithe ar an úsáideoir freisin. Sa chomhthéacs sin, ní hamháin gur riachtanas teicniúil iad measúnuithe idir-inoibritheachta ach is riachtanas straitéiseach iad freisin.

Ní chuirtear foirmle dhraíochta ar fáil leis na treoirlíní seo chun idir-inoibritheacht iomlán a áirithiú ach is **túsphointe cineálach iad le haghaidh turas i dtreo níos mó idir-inoibritheachta**.. Dá bhrí sin, tá sé d'aidhm acu an méid seo aleanas a mhíniú ar bhealach neamhcheangailteach²:

- an fáth a bhfuil measúnú idir-inoibritheachta úsáideach agus conas is féidir leis cabhrú le heagraíochtaí poiblí seirbhísí poiblí digiteacha níos fearr a chur ar fáil ar chostas níos ísle agus ar bhealach níos éifeachtaí ([Caibidil 1](#));
- nuair atá measúnú idir-inoibritheachta éigeantach de réir IEA ([Caibidil 2](#));
- na bealaí éagsúla chun measúnú idir-inoibritheachta a dhéanamh ([Caibidil 3](#));
- an méid atá le cur san áireamh sa tuarascáil ar an measúnú idir-inoibritheachta ([Caibidil 4](#));
- na tosca criticiúla le haghaidh chur chun feidhme agus rialachas rathúil na bpróiseas a bhaineann le measúnuithe idir-inoibritheachta i d'eagraíocht phoiblí ([Caibidil 5](#));
- tuilleadh acmhainní agus faisnéise maidir le conas rannchuidiú le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na treoirlíní ([Caibidil 6](#)).

Tá leasanna éagsúla ag grúpaí éagsúla sa phróiseas measúnaithe idir-inoibritheachta. Is é is aidhm do na treoirlíní seo freastal ar riachtanais éagsúla na spriocphobal éagsúil sin:

Measúnú a dhéanamh (assess):


- cinneadh a dhéanamh an bhfuil gá le measúnú i gcás ar leith
- an measúnú a dhéanamh
- páirt a ghlacadh sa mheasúnú

Tuarascáil (report):

- toradh an mheasúnaithe a dhoiciméadú sa tuarascáil mheasúnaithe
- an tuarascáil mheasúnaithe a fhoilsiú

Cinneadh a dhéanamh (decide):

- cinneadh a dhéanamh maidir le ceanglais cheangailteacha bunaithe ar an tuarascáil mheasúnaithe
- cinneadh a dhéanamh maidir le rialachas na measúnuithe idir-inoibritheachta



¹ Rialachán (AE) 2024/903 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2024 lena leagtar síos bearta maidir le hardleibhéal idir-inoibritheachta san earnáil phoiblí ar fud an Aontais (an Gníomh um Eoraip Idir-inoibritheach), IO L, 2024/903, 22.3.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/903/oj>

² Is inniúlacht eisiach de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh é an léirmhíniú ceangailteach ar reachtaíocht an Aontais.


Cur chun feidhme (implement):

- na ceanglais cheangailteacha a chur chun feidhme le cabhair ón tuarascáil mheasúnaithe

Ceistanna coitianta faoi mheasúnuithe idir-inoibritheachta agus faoin áit ar féidir teacht ar na freagraí

1. Cad is measúnú idir-inoibritheachta ann? – [Caibidil 1](#)
2. Cad iad na ceanglais cheangailteacha a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar idir-inoibritheacht trasteorann? – [Caibidil 2](#)
3. Cad iad na seirbhísí poiblí digiteacha tras-Eorpacha a mbeidh feidhm ag na ceanglais cheangailteacha sin maidir leo? – [Caibidil 2](#)
4. Cé na heagraíochtaí poiblí a bhfuil ceangal dlíthiúil orthu an measúnú idir-inoibritheachta éigeantach a dhéanamh? – [Caibidil 2](#)
5. Conas is féidir a fháil amach an ndéanann na ceanglais cheangailteacha difear d'idir-inoibritheacht trasteorann na seirbhísí poiblí digiteacha tras-Eorpacha? – [Caibidil 3](#)
6. Cad iad roinnt céimeanna nithiúla a d'fhéadfaí a ghlacadh chun measúnú idir-inoibritheachta a dhéanamh? ([Caibidil 3](#))
7. Cé na geallsealbhóirí poiblí agus príobháideacha a ndéanann na ceanglais cheangailteacha difear dóibh? – [Caibidil 4](#)
8. Cé chomh luath agus ba cheart measúnuithe idir-inoibritheachta a dhéanamh agus na ceanglais cheangailteacha á mbunú agus á nglacadh? – [Caibidil 4](#)
9. Cé mhéad measúnú idir-inoibritheachta ba cheart a dhéanamh ar na ceanglais cheangailteacha? – [Caibidil 2](#)
10. Conas ba cheart go ndéanfaí toradh an mheasúnaithe éigeantaigh idir-inoibritheachta a thuairisciú agus a fhoilsiú? – [Caibidil 5](#)
11. Cén áit ar féidir tuilleadh acmhainní a aimsiú agus cén chaoi a bhforbrófar na treoirlínte? -- [Caibidil 6](#)

1 Cad iad measúnuithe idir-inoibritheachta agus cén fáth a bhfuil siad ábhartha?



1.1 An méid a luaitear sa Ghníomh um Eoraip Idir-inoibritheach

Bunaítear le hAirteagal 3(1) de GEI **an oibleagáid measúnú idir-inoibritheachta a dhéanamh:**

‘Sula ndéanfar cinneadh maidir le ceanglais cheangailteacha nua nó ceanglais cheangailteacha atá modhnaithe go substaintiúil, déanfaidh eintiteas de chuid an Aontais nó comhlacht de chuid na hearnála poiblí measúnú idir-inoibritheachta.’

De réir Airteagal 3(2) de GEI, ní mór, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a shainaithint agus a mheasúnú sa mheasúnú idir-inoibritheachta:

- a) éifeachtaí na gceanglas ceangailteach ar an idir-inoibritheacht trasteorann, agus an [Creat Eorpach Idir-inoibritheachta \(CEI\)](#) á úsáid mar uirlis tacaíochta;
- b) na geallsealbhóirí a bhfuil na ceanglais cheangailteacha ábhartha dóibh; agus
- c) réitigh um Eoraip Idir-inoibritheach a thacaíonn le cur chun feidhme na gceanglas ceangailteach.

Leis na treoirlínte seo mínítear ní amháin cad atá le déanamh ach freisin cén fáth go gcaithfear é a dhéanamh.

1.2 Cad is idir-inoibritheacht ann?

Chun measúnuithe idir-inoibritheachta a thuiscint, tá sé tábhachtach tuiscint a fháil ar a bhfuil i gceist leis an idir-inoibritheacht i gcoitinne. Is é CEI an doiciméad treorach maidir le hidir-inoibritheacht seirbhísí poiblí san Aontas Eorpach. Gné bhunúsach de CEI is ea go sainmhínítear idir-inoibritheacht mar níos mó ná saincheist theicniúil amháin. Go deimhin, tá gnéithe tábhachtacha eile ann lena dtugtar dúshlán d’idir-inoibritheacht na seirbhísí poiblí digiteacha thar theorainneacha: (i) tá creataí dlíthiúla éagsúla ag na Ballstáit, a bhféadfadh rialacha neamh-chomhoiriúnacha a bheith mar thoradh orthu; (ii) fágann difríochtaí in eagrú na n-údarás inniúil agus na leibhéal rialtais go bhfuil sé deacair a thuiscint cé aige atá an fhreagracht as nithe áirithe agus tuiscint a fháil ar an gcaoi ar féidir le próisis náisiúnta idirghníomhú i gcásanna trasteorann; (iii) tá teangacha, cultúir agus coincheapa dlíthiúla éagsúla ag na Ballstáit, rud a fhágann gur dúshlán é a chinntiú go dtuigtear téarmaí coiteanna go comhsheasmhach ar fud an Aontais; agus (iv) go n-úsáideann na Ballstáit acmhainní teicniúla éagsúla, a d’fhéadfadh a bheith neamh-chomhoiriúnach agus a d’fhéadfadh bac a chur ar idirnascadh dá bhrí sin.

Is **idir-inoibritheacht trasteorann go sonrach é raon feidhme IEA toisc go bhfuil feidhm aige maidir le seirbhísí poiblí digiteacha tras-Eorpacha** (is é sin an cumas sonraí a chomhroinnt go fóinteach thar theorainneacha):

ciallaíonn ‘idir-inoibritheacht trasteorann’ cumas eintiteas de chuid an Aontais agus chomhlachtaí earnála poiblí na mBallstát **idirghníomhú le chéile** thar theorainneacha trí **shonraí**, faisnéis agus eolas **a chomhroinnt** trí phróisis dhigiteacha i gcomhréir leis na ceanglais dhlíthiúla, eagraíochtúla, shéimeantacha agus theicniúla a bhaineann le hidirghníomhaíocht trasteorann den sórt sin;

Airteagal 2(1) de IEA

Cad is brí leis sin sa chleachtas, ag féachaint ar cheithre shraith (dlíthiúil, eagraíochtúil, séimeantach agus teicniúil) CEI?



Le hidir-inoibritheacht dhlíthiúil déantar measúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil eagraíochtaí poiblí a oibríonn faoi chreataí dlíthiúla éagsúla in ann oibriú le chéile chun seirbhísí poiblí digiteacha tras-Eorpacha a sholáthar (mar shampla cárta míchumais náisiúnta a sholáthar ar féidir é a úsáid mar chruthúnas atá bailí ó thaobh an dlí de i mBallstáit eile).



Le hidir-inoibritheacht eagraíochtúil déantar measúnú ar cé acu a ailíníonn nó nach n-ailíníonn eagraíochtaí poiblí ina bpróisis ghnó, ina bhfreagrachtaí agus ina n-ionchais chun soláthar ardcháilíochta seirbhísí poiblí digiteacha tras-Eorpacha a bhaint amach (mar shampla údarás poiblí a ainmniú go soiléir a bhfuil cead aige cártaí míchumais náisiúnta atá bailí i mBallstát eile a eisiúint).



Le hidir-inoibritheacht shéimeantach déantar measúnú i dtaobh an gcaomhnaítear agus an dtuigtear formáid bheacht agus brí bheacht na sonraí agus na faisnéise malartaithe trí mhalartuithe idir eagraíochtaí poiblí a bhfuil gá leo chun na seirbhísí poiblí digiteacha tras-Eorpacha a sholáthar (mar shampla a chinntiú gur féidir leis na húdaráis i mBallstáit eile ábhar agus struchtúr an chárta míchumais náisiúnta a thuiscint).



Le hidir-inoibritheacht theicniúil déantar measúnú ar cé acu is féidir nó nach féidir córais ghréasáin agus faisnéise eagraíochtaí poiblí éagsúla a idirnascadh go slán agus go cuí, mar a cheanglaítear chun na seirbhísí poiblí digiteacha tras-Eorpacha a sholáthar (mar shampla a chinntiú go n-eiseofar cártaí míchumais náisiúnta i bhformáid dhigiteach is féidir le Ballstáit eile a phróiseáil).

Ghlac an Coimisiún Eorpach an leagan is déanaí de CEI in 2017 agus tá sé anois ina bhonn bunúsach le haghaidh go leor creataí idir-inoibritheachta náisiúnta (NIFanna) agus beartas idir-inoibritheachta. Amach anseo, beidh forbairt CEI faoi stiúir [an Bhoird um Eoraip Idir-inoibritheach](#). Má tá tuilleadh sonraí uait, cuireann [Acadamh Eoraip Idir-inoibritheach](#) oiliúint ar fáil ar CEI..

Is túsphointe maith é CEI chun tuiscint a fháil ar a bhfuil i gceist le measúnú idir-inoibritheachta.

1.3 An príomhchúis le haghaidh measúnuithe idir-inoibritheachta

Gach lá, forchuireann nó athraíonn eagraíochtaí poiblí ceanglais cheangailteacha³ (is iad sin oibleagáidí, toirmisc, coinníollacha, critéir nó teorainneacha) a mbíonn tionchar acu ar an idirghníomhaíocht le heagraíochtaí poiblí i dtíortha eile nó ar leibhéal an Aontais, rud atá riachtanach, dá réir sin, chun seirbhísí poiblí digiteacha tras-Eorpacha a sholáthar. Le measúnuithe idir-inoibritheachta dírtear go beacht ar na próisis chinnteoireachta sin. Is é is aidhm dóibh feasacht a mhúscailt faoin idir-inoibritheacht trasteorann agus faoin éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ag ceanglais cheangailteacha uirthi **sula** ndéanfar cinneadh maidir leis na ceanglais sin. Dá bhrí sin, tá oibleagáid dhlíthiúil ar na heintitis a ullmhaíonn cinntí den sórt sin ina bhfuil ceanglais cheangailteacha (mar shampla togra dlí nó nós imeachta soláthair) measúnú a dhéanamh. Mar sin féin, is féidir leo an measúnú a tharmligean chuig daoine eile, toisc go bhfuil sé de shaoirse ag na Ballstáit cinneadh a dhéanamh maidir le hacmhainní inmheánacha agus maidir leis an gcomhar idir a gcomhlachtaí earnála poiblí is gá chun measúnuithe idir-inoibritheachta a dhéanamh (Aithris 16 IEA).

1.4 Conas is féidir le measúnuithe cabhrú le seirbhísí poiblí digiteacha níos fearr a sholáthar ar chostas níos ísle?

Tá idirghníomhaíocht dhigiteach gan uaim idir eagraíochtaí poiblí ríthábhachtach le haghaidh soghluaisteacht saoránach agus gnólachtaí ar fud an Aontais — agus dá bhrí sin chun an Margadh Aonair Digiteach a chur i gcrích agus iomaíochas gheilleagar an Aontais a mhéadú. Is coinníoll é freisin le haghaidh seirbhísí poiblí digiteacha tras-Eorpacha ar ardchaighdeán. Sa mhéid sin ar fad, is cumasóir tábhachtach í an idir-inoibritheacht le haghaidh idirghníomhaíocht dhigiteach gan uaim agus, dá bhrí sin, chun na spriocanna sin a bhaint amach. Mar sin féin, is minic a dhéantar dearmad ar idirghníomhaíochtaí den sórt sin a chumasú sna céimeanna luatha d'fhorbairt beartas agus tionscadal

Le measúnuithe idir-inoibritheachta ardaítear feasacht ar idir-inoibritheacht trasteorann a luaithe is féidir — chun soghluaisteacht agus iomaíochas a fheabhsú agus chun bacainní costasacha idir-inoibritheachta a sheachaint.

TF, go háirithe i gcás saincheisteanna seachas idir-inoibritheacht theicniúil líonraí agus córas faisnéise.

Lasmuigh de nideoga an-chomhchuibhithe (mar shampla faisnéis faoi fheithiclí agus faoi cheadúnais tiomána a mhalartú) is féidir dúshlán ar leith a bheith ag baint le seachadadh (comhpháirteach) seirbhísí poiblí digiteacha ar ardchaighdeán thar theorainneacha na mBallstát mar gheall ar shaincheisteanna sonracha trasteorann thar gach gné den idir-inoibritheacht (dlíthiúil, eagraíochtúil, séimeantach agus teicniúil). Cuidíonn an measúnú idir-inoibritheachta lena chinntiú go gcuirtear na dúshláin sin san áireamh i gceart, agus go sainaithnítear réitigh fhéideartha lena gcur chun feidhme níos déanaí, rud a laghdaíonn an t-ualach riaracháin agus a éascaíonn rochtain ar sheirbhísí poiblí digiteacha do shaoránaigh agus do ghnólachtaí san Aontas. Cuidíonn an próiseas a bhaineann le measúnú a

Leis an measúnú idir-inoibritheachta, is fusa breithniú cuí a dhéanamh ar ghnéithe uile na hidir-inoibritheachta trasteorann atá ann agus seirbhísí poiblí digiteacha tras-Eorpacha a sholáthar, agus ar an gcaoi sin cruthú ualaigh riaracháin nach bhfuil gá leis a sheachaint.

³Mínítear coincheapa IEA go mion i [gCaibidil 2](#).


dhéanamh, le riaracháin phoiblí freisin teacht ar réitigh in-athúsáidte, agus gan a bheith orthu tosú ón tús.

Ina theannta sin, tá sé i gceist le measúnuithe idir-inoibritheachta a fhoilsiú na ceachtanna a foghlaimíodh idir eagraíochtaí poiblí an Aontais a chur in iúl, agus ar an gcaoi sin cabhrú leo feabhas a chur ar a gcinntí maidir le ceanglais cheangailteacha agus athúsáid a fheabhsú. Tá sé seo beartaithe ní amháin trí mheicníochtaí mar athbhreithnithe piaraí ach freisin trí stór inar féidir rochtain a fháil ar mheasúnuithe roimhe seo. Ní féidir leis an measúnú idir-inoibritheachta éigeantach amháin saincheisteanna idir-inoibritheachta trasteorann a chosc, ach cuidíonn sé leis an ngá atá le réitigh agus comhaontuithe nua dlíthiúla, eagraíochtúla, séimeantacha nó teicniúla ar leibhéal an Aontais nó ar an

Téann buntáistí an mheasúnaithe idir-inoibritheachta níos faide ná tairbhe measúnaithe aonair, toisc gur féidir leo piarfhoghlaim idir eagraíochtaí poiblí a chur chun cinn agus gur féidir leo cabhrú leis na saincheisteanna sin ar fearr aghaidh a thabhairt orthu in iarracht chomhpháirteach a shainaithint.


leibhéal náisiúnta a shainaithint chun bacainní trasteorann a bhaint nó a laghdú.

2 Cén uair is gá measúnú idir-inoibritheachta a dhéanamh go dlíthiúil?



Is é is aidhm don chaibidil seo cuidiú leo siúd atá freagrach as measúnuithe idir-inoibritheachta laistigh dá n-eagraíochtaí poiblí cinneadh a dhéanamh an bhfuil oibleagáid dhlíthiúil orthu measúnú idir-inoibritheachta a dhéanamh.

Díphacálann sé go sonrach coincheapa IEA lena spreagtar an oibleagáid an measúnú idir-inoibritheachta a dhéanamh. Ag tógáil ar mhíniú domhain ar na príomhchoincheapa sin, le crann cinnteoireachta déantar achoimre ar na céimeanna atá le glacadh chun a thuiscint an bhfuil gá le measúnú idir-inoibritheachta. Léirítear na coincheapa a thuilleadh le roinnt samplaí i bhfoirm cásanna ina bhféadfadh sé a bheith d'oibleagáid measúnú a dhéanamh nó nach bhféadfadh sé a bheith d'oibleagáid measúnú a dhéanamh.



2.1 Na príomhchoincheapa i gcomhthéacs measúnuithe idir-inoibritheachta

Le measúnuithe idir-inoibritheachta dírithe ar phróiseas athraithe dea-bhainistithe, ina sainithnítear tionchair ar idir-inoibritheacht trasteorann, ar bhealach chomh réamhghníomhach agus is féidir. Sainmhínítear na príomhchoincheapa in Airteagal 2 de IEA:

2.1.1 Ceanglais cheangailteacha?

Sainmhínítear an coincheap ‘ceanglais cheangailteacha’ in Airteagal 2(15) IEA mar seo a leanas:

- oibleagáid, toirmeasc, coinníoll, critéar nó teorainn;
- de chineál dlíthiúil, eagraíochtúil, séimeantach nó teicniúil;
- a shocraíonn eintiteas de chuid an Aontais nó comhlacht de chuid na hearnála poiblí;
- maidir le seirbhís phoiblí dhigiteach thras-Eorpach amháin nó níos mó; agus
- a bhfuil tionchar aige ar idir-inoibritheacht trasteorann.

Cad a deir IEA

Sonraítear tuilleadh in Aithris 18 IEA cad is ceanglas ceangailteach ann agus conas is féidir é a shocrú:

Is féidir ceanglais cheangailteacha a leagan síos laistigh de “*dhlí, rialachán, foráil riaracháin, conradh, glao ar thairiscintí, nó doiciméad oifigiúil eile. Bíonn éifeacht ag ceanglais cheangailteacha ar sheirbhísí poiblí digiteacha tras-Eorpacha agus na córais gréasán agus faisnéise a úsáidtear chun iad a sholáthar, ó thaobh na caoi a ndéantar iad a dhearadh, a sholáthar, a fhorbairt agus a chur chun feidhme, rud a bhfuil tionchar aige freisin ar shreafaí na sonraí isteach nó amach sna seirbhísí sin. Cúraimí amhail cothabháil éabhlóideach nach dtugann isteach athrú substainteach, nuashonruithe slándála agus teicniúla, nó soláthar simplí trealaimh chaighdeánaigh TFC, ní dhéanann siad difear de ghnáth d’idir-inoibritheacht trasteorann na seirbhísí poiblí digiteacha tras-Eorpacha agus, dá bhrí sin, ní bhíonn measúnú idir-inoibritheachta éigeantach de réir bhrí an Rialacháin seo mar thoradh orthu*”⁴.

⁴Tá aithrisí 10, 15-17 agus 21-22 IEA ábhartha freisin.

Agus measúnú á dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil ceanglas ‘ceangailteach’ de réir IEA, toisc fhíorriachtanach amháin is ea cé acu atá nó nach bhfuil iarmhairtí ag an gceanglas ar eagraíochtaí eile a ghlacann páirt i soláthar na seirbhíse poiblí (i.e., tionchar ar idir-inoibritheacht trasteorann). Mar shampla, is féidir a mheas gur ceanglas ceangailteach é ceanglas teicniúil nach mbíonn éigeantach ach amháin don pháirtí cinntitheach ach **a chuireann teorainn fós leis na roghanna a fhágtar ag daoine eile.**

Is gnách go n-eascróidh ceanglais cheangailteacha as an reachtaíocht. D’fhéadfadh ceanglas ceangailteach i ndlí, mar shampla, a bheith bainteach leis an méid seo a leanas:

- sonraí a bhailiú, a phróiseáil, a ghiniúint, a mhalartú nó a chomhroinnt idir eintitis de chuid an Aontais nó comhlachtaí de chuid na hearnála poiblí (mar shampla rialachán maidir le clárlanna poiblí);
- seirbhísí poiblí nó a mbunphróisis a uathobriú nó a dhigitiú (mar shampla IS a úsáid i seirbhís phoiblí nó ceadúnas tiomána a sholáthar i bhformáid dhigiteach (mar shonraí) in ionad cárta fisiciúil);
- córais gréasán agus faisnéise nua nó córais gréasán agus faisnéise atá ann cheana a úsáid (mar shampla an córas teicniúil ‘aonuaire’ a úsáid⁵).

Mar shampla, le reachtaíocht an Aontais lena gcuirtear d’oibleagáid ar na Ballstáit comhordú a dhéanamh ar chur i gcrích cúraimí éagsúla rialtais náisiúnta, is minic a bheidh gá le córais faisnéise nó réitigh dhigiteacha eile ar nós APIInna⁶ a fhorbairt — nó a mhodhnú go suntasach — chomh maith le córais faisnéise nó réitigh dhigiteacha eile ar nós APIInna a chomhtháthú chun tacú leis na ceanglais nua. Cuimsítear i reachtaíocht an Aontais ina bhfuil ceanglais cheangailteacha, mar shampla, an [Rialachán maidir leis an Tairseach Aonair Dhigiteach](#) (ceanglas go gcuirfí sraith bhreise leis anuas ar an mbonneagar náisiúnta), [Rialachán eIDAS](#) (ceanglas chun seirbhísí náisiúnta a choigeartú) agus reachtaíocht Schengen (ceanglas chun córais a chomhchuihiú go hiomlán).

Is minic a bhíonn gá le sainordú trí leithdháileadh buiséid chun caiteachas a dhéanamh ar fhorbairt shuntasach córas faisnéise. Ina theannta sin, is minic a bheidh bunús dlí ag teastáil chun sonraí a mhalartú maidir le sreafaí nua sonraí idir údaráis. **Dá bhrí sin, beidh ciall le haird ar leith a thabhairt ar aon cheanglais atá mar chuid de chinneadh ó reachtóir.** Mar sin féin, tá sé tábhachtach a choinneáil i gcuimhne go bhféadfaidh comhlachtaí earnála poiblí nó eintitis de chuid an Aontais cinneadh a dhéanamh i gcásanna áirithe ceanglais cheangailteacha a bhunú lasmuigh den reachtaíocht (mar shampla ceanglais maidir le nósanna imeachta soláthair, treoirhionscadail mhórsála nó i gcomhaontuithe déthaobhacha idir dhá Bhallstát nó níos mó). Is féidir freisin, tar éis measúnú a dhéanamh ar na ceanglais cheangailteacha ón reachtaíocht tosaigh, go bhféadfar ceanglais bhreise a leagan síos (mar shampla soláthar digiteach na seirbhíse poiblí a shonrú). D’fhéadfadh cinntí den sórt sin na roghanna a fhágtar a theorannú do dhaoine eile agus, dá bhrí sin, bheadh gá le measúnú idir-inoibritheachta freisin.

Go ginearálta, ní bheidh gá le haon mheasúnú i gcásanna a bhaineann le cúraimí ar nós cothabháil éabhlóideach nach dtugann isteach athrú substainteach, nuashonruithe slándála nó teicniúla, nó

⁵Féach Airteagal 14 den Rialachán maidir leis an Tairseach Aonair Dhigiteach: Rialachán (AE) Uimh. 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 maidir le phointe rochtana aonair digiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012, IO L 295, 21.11.2018, lch. 1.

⁶ Is idirghabhálaithe bogearraí iad Comhéadain Ríomhchláraithe Feidhmchláir lena ligtear do dhá fheidhmchlár cumarsáid a dhéanamh, is é sin tarchur sonraí a chumasú.

soláthar simplí trealaimh chaighdeánaigh teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC) (Aithris 18 IEA).

Ag féachaint thar an gné cheangailteach, chaithfeadh **eintiteas de chuid an Aontais, nó comhlacht de chuid na hearnála poiblí, ‘ceanglas ceangailteach’, de réir bhrí IEA, a shocrú** freisin, a bhainfeadh le **seirbhís phoiblí dhigiteach thras-Eorpach** amháin nó níos mó, agus a mbeadh tionchar aige ar **idir-inoibritheacht trasteorann**. Mínítear na coincheapa sin a thuilleadh thíos.

2.1.2 Comhlachtaí san earnáil phoiblí agus eintitis de chuid an Aontais?

Ní mór do chomhlacht earnála poiblí nó d’eintiteas de chuid an Aontais an ceanglas ceangailteach nó na ceanglais cheangailteacha a ndéantar measúnú orthu a shocrú. Sainmhínítear ‘comhlacht earnála poiblí’ in Airteagal 2(6) de IEA ar an mbealach céanna a shainmhínítear comhlacht earnála poiblí in Airteagal 2(1) den [Treoir maidir le Sonraí Oscailte](#), eadhon:

- Údaráis stáit, réigiúnacha nó áitiúla;
- comhlachtaí arna rialú faoin dlí poiblí⁷; nó
- comhlachais arna bhfoirmiú ag údarás amháin nó níos mó den sórt sin nó ag comhlacht amháin nó níos mó den sórt sin arna rialú ag an dlí poiblí.

Úsáidtear an sainmhíniú sin ní hamháin i gcomhthéacs na Treorach maidir le Sonraí Oscailte ach le haghaidh Rialachán eIDAS freisin. Dá bhrí sin, tagann eagraíocht phoiblí a thagann faoi raon feidhme na ngníomhartha reachtacha sin faoin sainmhíniú ar chomhlacht earnála poiblí freisin de réir IEA.

In Airteagal 2(5) de IEA sainmhínítear ‘eintitis de chuid an Aontais’ mar ‘institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais arna gcur ar bun leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh nó leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, nó arna gcur ar bun ar a mbonn’.

2.1.3 Maidir le seirbhísí poiblí digiteacha tras-Eorpacha?

Measfar gur seirbhísí poiblí digiteacha tras-Eorpacha iad seirbhísí nuair a chomhlíontar leo na ceanglais charnacha a leagtar amach in Airteagal 2(2) de IEA. Is é sin le rá, is iad seo a leanas na seirbhísí:

‘Seirbhísí digiteacha a sholáthraíonn eintitis de chuid an Aontais nó comhlachtaí de chuid na hearnála poiblí dá chéile nó do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha san Aontas, agus dá dteastaíonn idirghníomhaíocht thar theorainneacha na mBallstát, i measc eintitis de chuid an Aontais nó idir eintitis de chuid an Aontais agus comhlachtaí na hearnála poiblí, trí bhíthin a gcóras gréasán agus faisnéise.’

– Airteagal 2(2) de GEI

Ní gá ach measúnú idir-inoibritheachta a dhéanamh ar cheanglais cheangailteacha a bhaineann le seirbhísí poiblí digiteacha tras-Eorpacha den sórt sin. Ciallaíonn sé sin gur cheart **go ndéanfaí difear** leis

⁷Féach an sainmhíniú in Airteagal 2(2) den Treoir maidir le Sonraí Oscailte: ‘comhlachtaí a bhfuil na saintréithe uile seo a leanas acu: (a) bunaítear iad leis an gcuspoir sonrach riachtanais leasa ghinearálta a chomhlíonadh, nach bhfuil carachtar tionsclaíoch ná tráchtála ag baint leo; (b) tá pearsantacht dhlítheanach acu; agus (c) tá siad á maoiniú, den chuid is mó, ag an Stát, ag údaráis réigiúnacha nó áitiúla, nó ag comhlachtaí eile faoi rialú an dlí phoiblí; nó tá siad faoi réir mhaoirseacht bhainistíochta na n-údarás nó na gcomhlachtaí sin; nó tá bord riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta acu, a bhfuil níos mó ná leath dá chomhaltaí ceaptha ag an Stát, ag údaráis réigiúnacha nó áitiúla, nó ag comhlachtaí eile faoi rialú an dlí phoiblí.’

an gceanglas don chaoi a ndéantar na seirbhísí poiblí digiteacha tras-Eorpacha, nó a líonraí agus a gcórais faisnéise, a dhearadh, a sholáthar, a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a sholáthar, rud a imríonn tionchar ar shreafaí sonraí isteach nó amach na seirbhísí sin. Is é sin le rá, ba cheart go ndéanfaidh an ceanglas difear do na sonraí lena mbaineann, ag cur san áireamh cé uaidh a dtéann siad, cé chuige agus cén réiteach digiteach. Is féidir sreafaí sonraí isteach a bheith comhdhéanta de na nithe seo a leanas:

- na sonraí is gá chun an tseirbhís phoiblí dhigiteach a sholáthar,
- cé uaidh a fhaightear é,
- agus an cainéal digiteach trína bhfaightear é

Is féidir na sreafaí sonraí amach a bheith comhdhéanta díobh seo a leanas:

- na sonraí arna soláthar ag an tseirbhís phoiblí dhigiteach
- cé dó a seachadtar é,
- agus an cainéal digiteach trína gcuirtear ar fáil é

2.1.3.1 Cad is seirbhís phoiblí dhigiteach ann?

Chun tuiscint níos fearr a fháil ar choincheap na seirbhíse poiblí digití tras-Eorpaí, tá sé tábhachtach tuiscint a fháil ar na coincheapa bunúsacha ar a dtógann sé. Níl feidhm ag IEA ach amháin maidir le **seirbhísí poiblí digiteacha** ach ní shainítear ann cé na seirbhísí a mheasfar a bheith ina seirbhísí poiblí. Sonraítear in Airteagal 1(3) go bhfuil ‘feidhm ag an Rialachán seo gan dochar d’inniúlacht na mBallstát a shainiú céard atá i gceist le seirbhísí poiblí ná dá gcumas rialacha nós imeachta a bhunú le haghaidh na seirbhísí sin ná dá gcumas na seirbhísí sin a sholáthar, a bhainistiú nó a chur chun feidhme’. Ciallaíonn sé sin nach mbeidh gach seirbhís phoiblí mar an gcéanna ar fud na mBallstát uile.

Mar sin féin, tá roinnt tréithe comhroinnte ann: níl i seirbhísí poiblí digiteacha de réir bhrí IEA **ach seirbhísí a sholáthraíonn eintitis an Aontais nó comhlachtaí earnála poiblí na mBallstát**. Mar shampla, is féidir le cuideachtaí príobháideacha carrchlós a bhainistiú ar thalamh poiblí agus aip pháirceála a thacaíonn le seirbhís den sórt sin. Ós rud é gur le comhlacht de chuid na hearnála poiblí an spás fisiciúil agus go bhfaigheann na cuideachtaí príobháideacha sin ar cíós é ón gcomhlacht sin de chuid na hearnála poiblí, ní chiallaíonn sé sin go huathoibríoch gur seirbhísí poiblí digiteacha iad na feidhmchláir pháirceála digití a sholáthraíonn comhlacht de chuid na hearnála poiblí. I gcásanna eile, féadfaidh comhlachtaí de chuid na hearnála príobháidí ról cúnta a chomhlíonadh nach mbeidh tionchar aige ar chineál poiblí seirbhíse (mar shampla, féadfaidh seirbhís phoiblí néalseirbhísí arna soláthar ag comhlachtaí de chuid na hearnála príobháidí a úsáid, ach coinneoidh an comhlacht de chuid na hearnála poiblí nó an t-eintiteas de chuid an Aontais freagracht fhoriomlán as an tseirbhís a sholáthar).

Tá seirbhísí poiblí digiteacha tras-Eorpacha teoranta do sheirbhísí a **sholáthraítear do chomhlacht eile de chuid na hearnála poiblí nó d’eintiteas eile de chuid an Aontais, nó do dhuine nádúrtha nó dlítheanach san Aontas**. Ciallaíonn sé sin nach dtagann ceanglais a bhaineann le seirbhísí nach bhfuil ar fáil ach lena n-úsáid go himmheánach laistigh de chomhlacht de chuid na hearnála poiblí nó d’eintiteas de chuid an Aontais faoin sainmhíniú (mar shampla bord a chur in áirithe i spás oifige oscailte) ná seirbhísí nach mbaineann ach le hidirghníomhaíocht le tír nó le saoránaigh agus gnólachtaí **lasmuigh den Aontas**.

2.1.3.2 Cén chaoi a ndéantar seirbhís phoiblí dhigiteach de chineál tras-Eorpach?

Má chomhlíonann an tseirbhís nó na seirbhísí lena mbaineann na ceanglais maidir le bheith ina seirbhís phoiblí dhigiteach, is féidir a mheas ansin an seirbhís phoiblí dhigiteach thras-Eorpach í freisin. Is éard

atá i gceist leis sin dhá choinníoll a chomhlíonadh: (i) ní mór idirghníomhaíocht thar theorainneacha na mBallstát a bheith i gceist leis an tseirbhís, i measc eintitis an Aontais nó idir eintitis an Aontais agus comhlachtaí na hearnála poiblí, is é sin ar fud a ndlínsí agus (ii) ní mór di é sin a dhéanamh trí bhíthin a gcóras gréasán agus faisnéise.

Samplaí den **idirghníomhaíocht thar theorainneacha na mBallstát** is ea idirghníomhaíochtaí a bhfuil gá leo chun dioplómaí acadúla nó cáilíochtaí gairmiúla a aithint go frithpháirteach; malartuithe sonraí feithiclí ar mhaithe leis an tsábháilteacht ar bhóithre; rochtain ar shonraí slándála sóisialta agus sláinte; agus malartú faisnéise a bhaineann le cánachas, custaim agus go ginearálta na seirbhísí sin uile lena gcuirtear an prionsabal ‘aonuaire’ chun feidhme.

D’fhéadfaí a chuimsiú ar **idirghníomhaíocht i measc eintitis an Aontais**, mar shampla, idirghníomhaíocht idir seirbhís de chuid an Choimisiúin agus gníomhaireacht chun tionscadal nó clár maoinithe a bhainistiú nó an idirghníomhaíocht idir na comhreachtóirí.

D’fhéadfadh **idirghníomhaíocht idir comhlachtaí earnála poiblí na mBallstát agus eintitis an Aontais** tarlú, mar shampla, i gcomhthéacs córais ionaid ilfhreastail, soláthar poiblí os cionn na tairsí nó sásraí tuairiscithe éagsúla. Bheadh idirghníomhaíochtaí a tharlaíonn trí chórais arna soláthar ag eintitis an Aontais ach a thacaíonn le hidirghníomhaíocht thar theorainneacha na mBallstát sa dá chatagóir (mar shampla idirghníomhaíocht tríd an gcóras teicniúil ‘aonuaire’).

Ní mór don tseirbhís idirghníomhaíocht a **éileamh freisin idir córais líonra nó faisnéise** dhá chomhlacht nó níos mó de chuid na hearnála poiblí nó eintitis de chuid an Aontais. Mura n-éilítear le soláthar seirbhíse poiblí digiteach, idirghníomhaíocht le líonraí nó córais faisnéise comhlachtaí eile de chuid na hearnála poiblí nó eintitis eile de chuid an Aontais, ní mheasfar an tseirbhís a bheith ina seirbhís phoiblí dhigiteach thras-Eorpach. Is amhlaidh an cás, mar shampla, nuair a mhalartaítear fianaise tríd an ngnáthphost.

2.1.4 Idir-inoibritheacht trasteorann?

Beidh ar na ceanglais cheangailteacha i dtéarmaí raon feidhme éifeacht a bheith acu ar idir-inoibritheacht trasteorann mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1) IEA. Beidh an cheist maidir leis an gcaoi a bhfuil éifeacht den sórt sin aige mar chuid den mheasúnú féin, ach is cuid den réamh-mheasúnú í an cheist maidir leis an éifeacht a d’fhéadfadh a bheith aige. Má bhaineann na ceanglais a bhfuil measúnú le déanamh orthu le seirbhísí poiblí digiteacha tras-Eorpacha (agus, leis sin, leis an idirghníomhaíocht idir comhlachtaí earnála poiblí i mBallstáit éagsúla agus eintitis an Aontais), déanfaidh siad difear de ghnáth freisin don idir-inoibritheacht trasteorann, toisc go gcinneadh siad an chaoi a n-idirghníomhaíonn comhlachtaí na hearnála poiblí agus eintitis an Aontais le chéile.

2.2 Crann cinnteoireachta

Is féidir an crann cinnteoireachta ar an leathanach seo a leanas a úsáid mar bhonn chun a mheas an bhfuil gá le measúnú idir-inoibritheachta. Má thagann an t-údarás ar ‘Tá’ sa chrann cinnteoireachta, tá measúnú idir-inoibritheachta éigeantach. Mura bhfuil, níl measúnú idir-inoibritheachta éigeantach ach d’fhéadfadh sé luach a sholáthar fós (féach Caibidil 1).

Fíor 1: Crann cinnteoireachta le haghaidh measúnú idir-inoibritheachta

Coincheapa ábhartha	Céim	Ceist	Más é 'Tá' an freagra	Más é 'Níl' an freagra
Chun a dheimhniú an bhfuil tú i bpróiseas lena sainítear ceanglais cheangailteacha agus chun a dheimhniú go bhfuil ceanglas ceangailteach ann a d'fhéadfadh an gá le measúnú a spreagadh.	1	An bhfuil tú i bpróiseas lena sainítear ceanglais cheangailteacha? mar shampla próiseas reachtach, próiseas soláthair. Is é sin le rá, an bhfuil na ceanglais cheangailteacha a bhfuil tú ag féachaint orthu fós le cinneadh agus, dá bhrí sin, an féidir iad a athrúfós?	Lean ar aghaidh go Céim 2	Ní gá measúnú idir-inoibritheachta a dhéanamh. <i>Ní bheidh sé éigeantach measúnú idir-inoibritheachta a dhéanamh ach amháin má tá ceanglas fós ar oscailt le haghaidh athraithe.</i>
Measúnú a dhéanamh féachaint an bhfuil an ceanglas ceangailteach.	2	An bhfuiltear le cinneadh go bhfuil an ceanglas ceangailteach? (i.e. rud a chuireann teorainn leis na roghanna a fhágtar ag dreamanna eile?)	Lean ar aghaidh go Céim 3	Ní gá measúnú idir-inoibritheachta a dhéanamh. <i>Níl ach ceanglais cheangailteacha fíor-riachtanach chun measúnú idir-inoibritheachta a spreagadh.</i>
Measúnú a dhéanamh féachaint an mbaineann an ceanglas ceangailteach le seirbhísí poiblí digiteacha.	3	1. An mbaineann an ceanglas ceangailteach le seirbhís poiblí dhigiteach arna soláthar ag comhlachtaí de chuid an Aontais nó ag comhlachtaí de chuid na hearnála poiblí?	Lean ar aghaidh go Céim 4	Ní gá measúnú idir-inoibritheachta a dhéanamh. <i>Níl ach seirbhísí poiblí arna soláthar ag comhlachtaí de chuid na hearnála poiblí nó ag eintitis de chuid an Aontais faoi réir GEI.</i>
	4	2. An soláthraítear an tseirbhís poiblí dhigiteach do chomhlacht eile de chuid na hearnála poiblí nó d'eintiteas de chuid an Aontais nó do dhuine nádúrtha nó dlítheanach san Aontas?	Lean ar aghaidh go Céim 5	Ní gá measúnú idir-inoibritheachta a dhéanamh. <i>Níl ach seirbhísí poiblí a sholáthraítear do chomhlachtaí eile de chuid na hearnála poiblí nó d'eintitis eile de chuid an Aontais faoi réir GEI.</i>

AN COIMISIÚN EORPACH – (DRÉACHT) TREOIRLÍNTE MAIDIR LE MEASÚNUITHE IDIR-INOIBRITHEACHTA

Coincheapa ábhartha	Céim	Ceist	Más é 'Tá' an freagra	Más é 'Níl' an freagra
Measúnú a dhéanamh ar chomhroinnt sonraí trasteorann agus a chinneadh an seirbhís thras-Eorpach í an tseirbhís phoiblí dhigiteach.	5	An bhfuil gá le hidirghníomhaíochtaí trí bhíthin líonraí nó córais faisnéise chun an tseirbhís phoiblí dhigiteach a ndéantar difear di a sholáthar: (a) idir comhlachtaí de chuid na hearnála poiblí atá suite thar theorainneacha na mBallstát ; (b) idir eintitis de chuid an Aontais ; nó (c) idir eintitis de chuid an Aontais agus comhlachtaí de chuid na hearnála poiblí ?	Lean ar aghaidh go Céim 6.	Ní gá measúnú idir-inoibritheachta a dhéanamh. <i>Ní cháilíonn seirbhísí atá teoranta do Bhallstát amháin mar sheirbhísí poiblí digiteacha tras-Eorpacha. Ní mór don cheanglas ceangailteach difear a dhéanamh d'idirghníomhaíocht trasteorann chun go mbeidh measúnú éigeantach — mura bhfuil idirghníomhaíocht trasteorann líonraí nó córas i gceist leis an tseirbhís, ní mheastar gur seirbhís phoiblí dhigiteach thras-Eorpach í.</i>
Chun a dheimhniú go bhfuil gá le measúnú	6	An é seo an chéad uair a rinneadh measúnú ar an gceanglas ceangailteach sin?	Tá gá le measúnú idir-inoibritheachta. <i>Ceanglaítear ort de réir dlí measúnú idir-inoibritheachta a dhéanamh agus an tuarascáil a fhoilsiú.</i>	Ní gá measúnú idir-inoibritheachta a dhéanamh. <i>Ní cheanglaítear ort go dlíthiúil measúnú idir-inoibritheachta a dhéanamh. Mar sin féin, féadfaidh measúnú deonach luach a sholáthar fós.</i>

Beag beann ar thoradh an chrainn cinnteoireachta, tá sé tábhachtach na trí phointe seo a leanas a mheas:

Ní gá é a dhéanamh arís

Níl oibleagáid ach ar an eagraíocht phoiblí atá ag pleanáil cinneadh ar cheanglas an measúnú a dhéanamh. Is fíor sin i gcás ceanglas ag céim ar bith de shaolré seirbhíse poiblí digití agus d'fhéadfadh eintitis éagsúla a bheith i gceist leis sin, ag brath ar cé acu a thugtar nó nach dtugtar na ceanglais isteach i dtogra dlí nó a shonraítear nó nach sonraítear iad níos déanaí (trí cheanglais nua a leagan síos) le linn chur chun feidhme nó bhainistiú na seirbhíse. Má tá comhad faoi fhreagracht chomhroinnte, ní mór do na heintitis teacht ar chomhaontú maidir leis na ról agus comhoibriú (féach [Caibidil 5](#)) freisin. Ní bhaineann an oibleagáid le haon eagraíocht phoiblí nach bhfuil á dhéanamh aici ach ceanglas a chur chun feidhme agus atá faoi cheangal ag cinneadh eagraíochta poiblí eile (féach freisin Ceisteanna 1 agus 2 sa chrann cinnteoireachta). Má dhéantar cinneadh go comhpháirteach (mar shampla i gcomhthéacs tionscadail trasteorann), is féidir an measúnú a dhéanamh go comhpháirteach freisin.

Déantar soiléiriú breise ar an riail nach gá measúnuithe a dhéanamh arís leis an díolúine in Airteagal 3 IEA: ní gá an measúnú idir-inoibritheachta éigeantach a dhéanamh arís le haghaidh ceanglas ceangailteach a ndearnadh measúnú air roimhe seo. Mar sin féin, cé nach gá measúnuithe a athdhéanamh, is cinnte gur féidir leaganacha éagsúla a cheangal.

Measúnuithe gaolmhara

Go sonrach, is féidir le measúnuithe tógáil ar a chéile, nuair a shocraíonn eagraíocht phoiblí amháin (mar shampla eintiteas de chuid an Aontais) ceanglais cheangailteacha ardleibhéil a shainíonn na heintitis cur chun feidhme a thuilleadh ansin. D'fhéadfadh sé sin tarlú, mar shampla, agus treoir ón Aontas á trasuí sa reachtaíocht náisiúnta nó nuair a dhéantar ceanglas ceangailteach a ndearnadh measúnú air roimhe sin agus a glacadh i dtéacs dlíthiúil a bheachtú tuilleadh i nós imeachta soláthair phoiblí chun é a chur chun feidhme. Má dhéantar é sin trí chinneadh a dhéanamh maidir le ceanglais cheangailteacha nua, is féidir bacainní ar idir-inoibritheacht trasteorann a thabhairt isteach ag an gcéim seo níos déanaí freisin, mar sin beidh gá measúnú a dhéanamh ar na ceanglais nua a cuireadh isteach. Mar sin féin, leis na measúnuithe sin is féidir tagairt a dhéanamh do mheasúnuithe a rinneadh roimhe seo agus cur lena dtorthaí.

De réir na rialach céanna, níl gá le haon mheasúnú ag céim an chur chun feidhme nuair atá ceanglas ceangailteach le cur chun feidhme trí réitigh arna soláthar ag eintitis an Aontais. Sa chás sin, glactar leis go bhfuil na réitigh uile a chuireann eintitis an Aontais ar fáil idir-inoibritheach mar réamhshocrú toisc go gcuirtear ar fáil iad do réimse leathan comhthéacsanna ar fud an Aontais. Sa chás sin freisin, áfach, féadfar measúnú idir-inoibritheachta a dhéanamh go deonach chun a fhíorú go dtabharfaidh na réitigh sin aghaidh ar na saincheisteanna idir-inoibritheachta trasteorann uile a d'fhéadfadh a bheith ann sa chomhthéacs sonrach.

Gan aon mheasúnuithe cúlghabhálacha

Tiocfaidh an oibleagáid dhlíthiúil measúnuithe idir-inoibritheachta a dhéanamh i bhfeidhm an 12 Eanáir 2025. D'fhéadfadh sé go ndearnadh cinneadh cheana féin maidir le go leor ceanglas ceangailteach a dhéanann difear d'idir-inoibritheacht trasteorann na seirbhísí poiblí digiteacha tras-Eorpacha ach nár trasúodh ná nár cuireadh chun feidhme go fóill iad. Níl measúnú cúlghabhálach éigeantach ach moltar go mór é i gcásanna a bhfuil go leor i ngeall leo, toisc gur féidir leis cabhrú leis an trasuí nó leis an gcur chun feidhme, mar a mhínítear thuas.

2.3 Samplaí

Cás #1: Réiteach náisiúnta a oiriúnú chun malartú sonraí le Ballstáit eile a chumasú

Ní mór do chathair mhór i mBallstát a córas teicniúil a fhorbairt a thuilleadh chun tacú le ceanglais leathnaithe maidir le malartú sonraí le húdaráis Ballstát eile a eascraíonn as rialachán nua de chuid an Aontais.

Mar sin féin, rinne an ardstiúrthóireacht sa Choimisiún atá freagrach measúnú idir-inoibritheachta mionsonraithe i ndáil leis an togra a thíolacadh agus déantar cur síos sa mheasúnú sin ar na hiarmhairtí a bhfuiltear ag súil leo do na Ballstáit. Ní gá measúnú idir-inoibritheachta nua a dhéanamh má eascraíonn an t-athrú atá beartaithe go díreach as an ngá atá leis an rialachán nua a chomhlíonadh. Is é sin le rá, níl measúnú nua éigeantach sa chás seo toisc nach bhfuil an chathair ag glacadh an chinnidh, ach ag cur cinneadh **i bhfeidhm** maidir le ceanglais cheangailteacha (féach Ceist 1 (R1) i sa chrann cinnteoireachta).

Mar sin féin, bheadh measúnú nua éigeantach dá gcinnfeadh an chathair ceanglais bhreise a chur chun feidhme nach n-eascraíonn as oibleagáid faoin rialachán nua ach a shocrófaí sa chomhthéacs céanna (malartú sonraí thar theorainneacha) nó ar dócha go ndéanfaidh sé difear dó (athrú ar fhormáid nó úinéireacht sonraí).

Cás #2: An gá atá le tacaíocht TF le haghaidh reachtaíocht nua de chuid an Aontais.

Ní mór do ghníomhaireacht rialtais i mBallstát a réiteach tuairiscithe a fhorbairt a thuilleadh chun tacú le ceanglais cheangailteacha nua a eascraíonn as rialachán a glacadh le déanaí. Leis an rialachán, cuirtear d'oibleagáid ar ghníomhaithe atá gníomhach ar an margadh intíre do tháirge X tuarascálacha digiteacha a chur isteach go rialta maidir le díolacháin a dtáirge.

Ní gá aon mheasúnú a dhéanamh toisc nach bhfuil an cinneadh á dhéanamh ag an ngníomhaireacht ach ag cur cinneadh **i bhfeidhm** maidir le ceanglais cheangailteacha (féach C1).

Bheadh an cás difriúil, áfach, mura leagfaí síos leis an rialachán ach ceanglas ardleibhéil agus dá mbeadh sé beartaithe ag an ngníomhaireacht cinneadh a dhéanamh maidir le ceanglais cheangailteacha nua bhreise le cur chun feidhme nach ndearnadh measúnú orthu go fóill. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an ngníomhaireacht cinneadh a dhéanamh maidir le ceanglais lena rialaítear comhroinnt thuairisciú digiteach na ndíolachán agus bheadh uirthi measúnú a dhéanamh ansin ar an éifeacht a bheadh ag ceanglas den sórt sin ar chomhroinnt sonraí trasteorann.

D'fhéadfadh an ghníomhaireacht teacht ar an gconclúid fós nach bhfuil sé d'oibleagáid uirthi measúnú idir-inoibritheachta a dhéanamh. Ní bhaineann an ceanglas nua le seirbhís phoiblí dhigiteach (go sonrach ní le hidirghníomhaíocht seirbhíse den sórt sin le seirbhísí eile) ach déanann sé athrú ar an tairseach maidir leis an líon cuideachtaí a bhfuil tuairisciú le déanamh orthu (C3). Sa chás sin, d'fhéadfadh luach a bheith ag baint le measúnú deonach mar sin féin.

Cás #3: Tairiscint maidir le creatchonradh chun córais theicniúla a chothabháil agus a fhorbairt a thuilleadh

Tá gníomhaireacht rialtais i mBallstát ar tí creatchonradh a chur amach ar tairiscint chun a córais faisnéise a chothabháil agus a fhorbairt a thuilleadh. Tá cinneadh á dhéanamh ag an ngníomhaireacht maidir le ceanglas ceangailteach agus ní hamháin cinneadh a chur chun feidhme (C1).

D'fhéadfadh glao ar thairiscintí a bheith san áireamh sna ceanglais cheangailteacha. Mar sin féin, ní bheidh ceanglais cheangailteacha maidir le seirbhísí poiblí digiteacha i dtairiscint creatchonarthacha chun córais ghairmiúla a oibriú, a chothabháil agus a fhorbairt a thuilleadh, ach 'cothabháil éabhlóideach' (C2). Dá bhrí sin, níl aon ghá le measúnú idir-inoibritheachta.

Beidh gá le measúnú de ghnáth má iarrtar forbairt shonrach córais faoi chuimsiú an chonartha (mar shampla tugtar isteach ceanglas nua náisiúnta nó ceanglas nua a bhaineann go sonrach le heagraíocht chun tacú le reachtaíocht nua – d'fhéadfadh iarmhairtí a bheith aige sin ar idir-inoibritheacht trasteorann na seirbhísí poiblí digiteacha tras-Eorpacha, b'fhéidir toisc go n-athraíonn sé (gnéithe de) loighic ghnó córais).

Cás #4: Réiteach a fháil ar sheirbhís a úsáideann úsáideoirí trasteorann

Tá bardas i réigiún teorann Ballstáit ag smaoineamh ar réiteach féinseirbhíse digiteach a fháil chun íocaíocht as páirceáil i limistéir ainmnithe an bhardais a chumasú. I dtaca leis an gcinneadh soláthair, leagfaidh an bardas síos ceanglais cheangailteacha nua maidir le córas faisnéise chun an tseirbhís sin a chur ar fáil.

Mar sin féin, ní dhéanann na ceanglais difear don idir-inoibritheacht trasteorann (C3), toisc go bhfuil sé i gceist leis an réiteach íocaíocht a iarraidh ar an bpáirtí atá ag iarraidh an táille páirceála a íoc go díreach. Ní gá sonraí a mhalartú idir údaráis sna Ballstáit ná le hinstiúidí an Aontais san idirbheart.

Dá bhrí sin, toisc nach gá idirghníomhú idir líonraí ná seirbhísí faisnéise thar theorainneacha chun an tseirbhís a sholáthar, níl sé d'oibleagáid ar an mbardas measúnú idir-inoibritheachta a dhéanamh, sula bhfaighidh sé an réiteach atá beartaithe.

Cás #5: Moltar rialacha nua de chuid an Aontais lena gceanglaítear tacaíocht dhigiteach náisiúnta


Dhréachtaigh ardstiúrthóireacht de chuid an Choimisiúin gníomh reachtach chun tuilleadh rialála a dhéanamh ar earnáil na talmhaíochta trí theorannuithe agus cineálacha sonraí nua a thabhairt isteach le haghaidh tuairisciú astaíochtaí CO₂. Thug roinnt Ballstát réitigh náisiúnta isteach cheana féin maidir le tuairisciú dhá bhliain ó shin. Dá nglacfaí an gníomh reachtach, cheanglófaí ar na Ballstáit sin na creataí dlíthiúla agus na córais faisnéise atá acu cheana a fhorbairt a thuilleadh ionas gur féidir leo tacú leis na teorannuithe nua agus leis na cineálacha nua sonraí a dtugtar tuairisc orthu sa gníomh reachtach.

Beidh ar an ardstiúrthóireacht measúnú idir-inoibritheachta a dhéanamh don togra toisc go bhfuil sé fós oscailte lena phlé (C1) agus go mbaineann sé le seirbhís phoiblí dhigiteach thras-Eorpach (C2 agus C3) (is é sin baineann sé le sreafaí sonraí idir eagraíochtaí poiblí). Leis an measúnú idir-inoibritheachta sin bheadh breithniú le déanamh ar na réitigh atá ann cheana agus ar an gcaoi ar féidir iad a (ath)úsáid agus, ar an gcaoi sin, dúbláil iarrachtaí agus acmhainní a sheachaint.

Seachas na samplaí nithiúla sin, is táscairí maithe iad na cásanna seo a leanas freisin maidir le cathain is dócha go mbeidh measúnú luachmhar, mura bhfuil sé éigeantach:

- cúraimí nua a shocrú do na húdaráis
- athruithe ar nochtadh faisnéise
- athruithe ar chearta chun faisnéis a fháil
- bealach nua chun an tseirbhís phoiblí a chur ar fáil

3 Conas measúnú idir-inoibritheachta a dhéanamh?



Tar éis duit an crann cinnteoireachta i gCaibidil 2 a úsáid chun a chinneadh go bhfuil gá le measúnú idir-inoibritheachta, sa chaibidil seo treorófar tú tríd an bpróiseas chun an measúnú féin a dhéanamh.

Is é is aidhm don chaibidil seo treoir shoiléir céim ar chéim a chur ar fáil duit maidir le conas measúnú idir-inoibritheachta a dhéanamh i gcomhréir le IEA. Faoi dheireadh na caibidle seo, beidh a fhios agat faoi na nithe seo leanas:

- na príomhchéimeanna a bhaineann le measúnú idir-inoibritheachta
- conas ceanglais cheangailteacha a shainaithint agus a dhoiciméadú
- conas éifeachtaí ar idir-inoibritheacht trasteorann a bhrath
- conas geallsealbhóirí ábhartha a shainaithint agus dul i gcomhairle leo
- conas réitigh is infheidhme maidir le hEoraip Idir-inoibritheach a shainaithint

Luaitear go soiléir in IEA gur cheart go mbeadh an cur chuige maidir le measúnuithe idir-inoibritheachta a dhéanamh **comhréireach** agus **curtha in oiriúint** dá leibhéal agus dá raon feidhme. Ciallaíonn sé sin go soláthrófar le modheolaíochtaí agus uirlisí éagsúla luach difriúil i gcomhthéacsanna éagsúla (féach fo-alt 3.4 den chaibidil seo). Níl sé mar aidhm leis an gcaibidil seo cur chuige amháin a oireann do chách a sholáthar ach tú a chur ar an eolas faoi roghanna éagsúla. Tá difríocht idir na roghanna sin de réir imthosca atá nasctha le rialachas idir-inoibritheachta foriomlán eagraíochta poiblí. D'fhéadfadh measúnuithe náisiúnta nó eagraíochtúla nó creataí TF/idir-inoibritheachta a bheith i gceist le rialachas den sórt sin, mar shampla (féach [Caibidil 5](#)). Mura bhfuil aon treoir shonrach ann maidir leis an gcur chuige le haghaidh measúnuithe idir-inoibritheachta in eagraíocht ar leith, ba cheart don duine atá i gceannas ar an measúnú an cur chuige is mó luach a roghnú agus an t-ualach is lú á chruthú ag an am céanna.

Is ionann an próiseas a leagtar amach sa chaibidil seo agus **cur chuige cuimsitheach 'dea-chleachtais'** i leith measúnuithe idir-inoibritheachta, ach aithnímid go bhfuil eagraíochtaí éagsúil ó thaobh méide, struchtúir, acmhainní agus leibhéil aibíochta de. Is féidir agus ba cheart an próiseas sin a chur in oiriúint do do chomhthéacs eagraíochtúil sonrach agus do shrianta eagraíochtúla sonracha.

Is é an rud is tábhachtaí croíphrionsabail an mheasúnaithe⁸ a choinneáil agus an próiseas á scálú ionas go mbeidh sé inbhainistithe agus bríoch laistigh de do chúinsí ar leith. De réir mar a théann tú ar aghaidh tríd an treoir seo, smaoinigh ar an gcaoi ar féidir gach céim a choigeartú chun ailíniú le cumais agus riachtanais d'eagraíochta — ag cinntiú go leanfaidh an measúnú de bheith luachmhar agus inghníomhaithe, beag beann ar do phointe tosaigh nó ar na hacmhainní atá ar fáil.

Is é an chéad chéim ná iniúchadh a dhéanamh ar na moltaí ginearálta maidir le measúnú idir-inoibritheachta a dhéanamh, sula dtugtar faoi gach céim den phróiseas ar bhealach níos mionsonraithe.

⁸ Ceapadh na measúnuithe chun idir-inoibritheacht trasteorann a chumasú agus, ag an am céanna, cuimsiú na ngeallsealbhóirí ábhartha uile a chinntiú agus, ar an gcaoi sin, beartais dhigiteacha inbhuanaithe a sheasfaidh an aimsir a chruthú. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, is gá méid thionchar na gceanglas atá beartaithe a thuiscint agus bearta a mholadh chun leas a bhaint as na tairbhí agus chun aghaidh a thabhairt ar na costais a d'fhéadfadh a bheith ann (Aithris 17) chomh maith le cur chuige comhréireach difreáilte a roghnú i gcomhréir leis an leibhéal agus leis an raon feidhme ar a ndéantar na measúnuithe (Aithris 19).

3.1 Moltaí ginearálta

Moltaí ginearálta chun teacht ar an gcur chuige ceart:



Tosú go luath. Faightear na torthaí is mó nuair a dhéantar measúnuithe go luath i ndearadh ceanglas ceangailteach nua (mar shampla mar chuid de dhearadh beartais, tograí dlíthiúla, nó dearadh réiteach TF nua) agus, ar a dhéanaí, sula ndéantar cinntí ceangailteacha.



A bheith oiriúnach don fheidhm. Dá bheichte agus dá uathúla an cinneadh ina bhfuil na ceanglais (mar shampla cur chun feidhme tionscadail aonair de chuid údarais áitiúil), is ea is pragmataí agus is cúinge, dá bhrí sin, fócas an mheasúnaithe. Déan iarracht do raon feidhme agus do chuspóirí a shainiú go soiléir, agus an measúnú a oiriúnú dóibh.



A bheith ag tógáil ar chreataí atá ann cheana. Ba cheart an measúnú a ailíniú leis na creataí eagraíochtúla agus riaracháin atá ann cheana, agus ar an gcaoi sin a áirithiú go gcomhlánaíonn siad an sreabhadh oibre riaracháin. I gcás inarb infheidhme, ba cheart creataí dlíthiúla maidir le beartais dhigiteacha a mheas freisin. Má tá an measúnú nasctha le measúnú roimh ré (ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta), déan an measúnú roimh ré sin a athúsáid agus cuir leis.



Téigh i gcomhairle le geallsealbhóirí. Agus measúnú idir-inoibritheachta á dhéanamh, ba cheart dul i gcomhairle leis na faighteoirí seirbhíse a ndéantar difear díreach dóibh (lena n-áirítear saoránaigh nó a n-ionadaithe). Bheadh sé inmholtá freisin dul i gcomhairle le lucht cur chun feidhme chomh maith le gníomhaithe eile a bhfuil baint acu le soláthar na seirbhíse. Coinnigh i gcuimhne go bhféadfadh daoine aonair nach bhfuil cúlra acu i mbainistíocht faisnéise nó TF a bheith i gceist le measúnuithe den sórt sin.

3.2 Ullmhúchán

Leagann an chéim seo an bunús don phróiseas, ag cuidiú leis an raon feidhme a shainiú, an fhoireann cheart a chur le chéile agus plean gníomhaíochta soiléir a bhunú. Trí am a infheistiú sa chéim tosaigh seo, is féidir leat na céimeanna ina dhiaidh sin den mheasúnú a shruthlíniú, gaistí féideartha a sheachaint agus a chinntiú go bhfuil na torthaí deiridh ábhartha agus infheidhmithe.

3.2.1 Na próisis a shainithint a spreagfadh measúnú idir-inoibritheachta

In ionad féachaint ar bhonn ad hoc an bhfuil gá le measúnú idir-inoibritheachta, déan iarracht na próisis a shainithint a mbeidh measúnú ag teastáil ina leith de ghnáth, mar shampla an timthriall reachtach, na próisis cur chun feidhme nó na nósanna imeachta soláthair. Agus forléargas agat ar na próisis, déan iarracht iad a chúngú a thuilleadh go dtí an pointe iontrála/pointe idirghabhála a d'fhéadfadh a bheith

ann. Mar shampla, dá mbeadh oibleagáid i do thimthriall reachtach measúnú tionchair a dhéanamh, smaoinigh an bhféadfaí an measúnú idir-inoibritheachta a chur san áireamh sa phróiseas sin agus cén chéim ag a gcuirfí san áireamh é.

3.2.1 An gá atá le measúnú idir-inoibritheachta a shainaithint

Tugtar tuairisc mhionsonraithe ar an bpróiseas cinnteoireachta don chéim sin i gCaibidil 2. Go háirithe, leagtar amach sa chrann cinnteoireachta sa chaibidil sin cur chuige struchtúrtha chun meastóireacht a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil gá le measúnú idir-inoibritheachta i do chás sonrach. Níor cheart duit dul ar aghaidh leis na céimeanna ina dhiaidh sin a leagtar amach sa chaibidil seo ach amháin má léirítear le réamh-mheastóireacht Chaibidil 2 go bhfuil gá le measúnú. Mar sin féin, fiú mura bhfuil oibleagáid dhlíthiúil ort measúnú a dhéanamh, is féidir leat ceann a dhéanamh go deonach fós.

3.2.2 Raon feidhme agus cuspóirí an mheasúnaithe a shainiú

Trí raon feidhme agus cuspóirí an mheasúnaithe idir-inoibritheachta a shainiú, múnlaítear an chuid eile den phróiseas. Leis an raon feidhme cinntear teorainneacha an mhéid a ndéanfar measúnú air (lena n-áirítear cé na cásanna de mhalartú sonraí, córais, próisis nó seirbhísí a scrúdófar agus cé chomh domhain agus a scrúdófar iad). Soiléirítear leis na cuspóirí a bhfuil sé d'aidhm agat a bhaint amach leis an measúnú (mar shampla bearnaí sonracha idir-inoibritheachta a shainaithint nó meastóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh caighdeán áirithe).

Tá sé tábhachtach a mheabhrrú gur cheart an raon feidhme agus na cuspóirí a chur in oiriúint do chomhthéacs sonrach do thionscadail agus d'eagraíochta. Smaoinigh ar chineál agus ar chastacht an tionscadail atá á measúnú, chomh maith leis an struchtúr eagraíochtúil agus na hacmhainní atá ar fáil. D'fhéadfadh measúnú cuimsitheach a bheith ag teastáil le haghaidh tionscnamh mórsála trasteorann. D'fhéadfadh tionscadal níos lú, atá logánta, tairbhe a bhaint as cur chuige níos dírithe.

Agus raon feidhme agus cuspóirí á shainiú, déan machnamh ar chumas d'eagraíochta an measúnú a dhéanamh. Áirítear leis sin ní hamháin acmhainní airgeadais ach am, saeolas agus rochtain ar an bhfaisnéis is gá freisin. Is é an sprioc cothromaíocht a bhaint amach idir críochnúlacht agus praiticiúlacht, ag cinntiú go bhfuil an measúnú fóinteach agus inbhainistithe laistigh de do shrianta. I bhfianaise an méid sin go léir agus cé nach mór go mbainfeadh an measúnú i gcónaí le seirbhís phoiblí dhigiteach thras-Eorpach, bíodh a fhios agat go bhféadfadh éagsúlacht mhór a bheith ann, dá bhrí sin, maidir leis an raon feidhme agus na cuspóirí, ní hamháin idir na Ballstáit agus eintitis an Aontais, ach laistigh de do Bhallstát agus laistigh de d'eagraíocht freisin.

3.2.3 Foireann measúnaithe ildisciplíneach a chur le chéile

Tá sé ríthábhachtach an fhoireann cheart a chur le chéile chun measúnú idir-inoibritheachta éifeachtach a dhéanamh. Bheadh grúpa éagsúil saeolaithe i gceist leis an gcás idéalach, ach aithnímid go bhféadfadh sé nach mbeadh ach scileanna agus acmhainní teoranta ar fáil d'eagraíochtaí. Is é an rud is tábhachtaí iarracht a dhéanamh an teaghlaim inniúlachtaí is fearr is féidir a bhaint amach laistigh de do shrianta.

I gcás idéalach, chuirfeadh d'fhoireann measúnaithe tacair iomadúla scileanna agus peirspictíochtaí le chéile. B'fhiú féachaint an bhféadfaí baill foirne a chur san áireamh a bhfuil saineolas acu i réimsí ar nós:

- gnéithe dlíthiúla agus rialála den mhalartú sonraí (idir-inoibritheacht)
- anailís ar an bpróiseas gnó
- bainistiú sonraí, lena n-áirítear saineolas séimeantach agus rialachas séimeantach
- Ailtireacht TF agus comhtháthú córas
- eolas sonrach fearainn a bhaineann leis na ceanglais cheangailteacha atá á measúnú agus na seirbhísí a ndéantar difear dóibh



Cuimhnigh gur féidir le duine amháin a bheith cáilithe i réimsí éagsúla saineolais. Má tá acmhainní teoranta, cuir na scileanna is tábhachtaí in ord tosaíochta do do chomhthéacs measúnaithe ar leith. D'fhéadfá smaoineamh freisin ar shaineolaithe nó sainchomhairleoirí seachtracha a thabhairt isteach go sealadach chun aon bhearnaí ríthábhachtacha i saineolas d'fhoirne a líonadh.

Ba cheart méid d'fhoirne a bheith i gcomhréir le raon feidhme do mheasúnaithe. D'fhéadfadh foireann bheag dírithe a bheith leordhóthanach le haghaidh measúnú raon feidhme teoranta. D'fhéadfadh go mbeadh foireann níos fairsinge ag teastáil i gcás tionscadal níos mó agus níos casta.

3.2.4 Geallsealbhóirí ábhartha a shainaithint

Tosaigh ag sainaithint na ngeallsealbhóirí a bhféadfadh na ceanglais cheangailteacha a bheith ábhartha dóibh, mar shampla trína fhiafraí díot féin cé a bhféadfadh sé difear a dhéanamh dóibh maidir leis na nithe seo a leanas:

- cur chun feidhme, mar shampla, cé atá i gceist le haghaidh cén chuid den phróiseas?
- soláthar seirbhíse, e.g., cé na heagraíochtaí is gá a bheith rannpháirteach le haghaidh seachadadh rathúil?
- an seachadadh féin, mar shampla, cé leis a gcaithfidh na páirtithe éagsúla idirghníomhú?
- nó bainistíocht, e.g., cé atá páirteach chun comhsheasmhacht a áirithiú?

Is féidir leo a bheith ina ngeallsealbhóirí poiblí nó príobháideacha (gnólachtaí), ina saoránaigh nó ina n-eintitis de chuid an Aontais. Ní mór dul i gcomhairle leis na geallsealbhóirí sin ag céim níos déanaí. Má shainaithnítear geallsealbhóirí den sórt sin go luath, d'fhéadfaidís rannchuidiú cheana féin leis an gcéad chéim eile a chur i gcrích (mar shampla na ceanglais cheangailteacha a shainaithint). Ní gá gach geallsealbhóir aonair a shainaithint ach na catagóirí a shainaithint (mar shampla gach saoránach nó díreach grúpa ar leith, gach gnólacht nó díreach earnálacha ar leith).

3.3 Anailís tosaigh

Is é atá i gceist leis an gcéad chéim eile scrúdú a dhéanamh ar dhoiciméid, ar bheartais agus ar sheirbhísí atá ann cheana d'fhonn na príomhghnéithe a mhúnlóidh do mheasúnú a aithint agus a thuiscint.

Tá trí chuspóir ag an gcéim seo:

1. doiciméadacht agus beartais ábhartha a bhailiú agus a athbhreithniú ina dtugtar tuairisc ar na ceanglais a dhéanann difear don idir-inoibritheacht;

2. na ceanglais cheangailteacha atá lárnach do do mheasúnú a shainaithint agus a dhoiciméadú go soiléir ;

3. na seirbhísí poiblí digiteacha tras-Eorpacha a ndéanann na ceanglais sin difear dóibh a leagan amach.

De réir mar a théann tú ar aghaidh trí na trí fho-alt seo a leanas, cuimhnigh gur chóir go mbeadh doimhneacht agus leithead d'anailíse comhréireach le raon feidhme do mheasúnaithe mar a shainmhínítear sa chéim ullmhúcháin. Is é an sprioc bunús láidir eolais a chruthú a chuirfidh eolas ar fáil don chuid eile de do phróiseas measúnaithe.

3.3.1 Athbhreithniú a dhéanamh ar dhoiciméadacht agus ar bheartais lena dtugtar tuairisc ar cheanglais

Is é príomhchuspóir na céime seo gach doiciméad a bhailiú agus a anailísiú atá ábhartha chun na ceanglais nua nó modhnaithe a thuiscint (cibé acu atá siad luaite go sainráite nó intuigthe amháin). Is é an t-athbhreithniú seo an bonn chun na ceanglais cheangailteacha atá lárnach do do mheasúnú a shainaithint sa chéad chéim eile.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur féidir le cineál agus méid na doiciméadachta atá ar fáil a bheith an-éagsúil, ag brath ar chéim reatha an tionscadail nó an tionscnaimh atá á mheasúnú (bíodh sé sin ag céim an ullmhúcháin reachtaigh, ag céim an choincheapa agus an deartha nó ag céim níos déanaí).

Ag brath ar an gcéim reatha den phróiseas as a dtiocfaidh forbairt seirbhíse poiblí digití, d'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith ina achoimre ar na céimeanna a d'fhéadfaí a ghlacadh.

1. Na doiciméid ábhartha uile a shainaithint agus a bhailiú. Is féidir a áireamh orthu sin ní hamháin na gníomhartha dlí lena leagtar síos an ceanglas, ach foinsí tánaisteacha freisin amhail doiciméadacht theicniúil nó cumarsáid faoin doiciméad ina bhfuil na ceanglais. Cuardach leathan a dhéanamh i dtús báire chun a chinntiú nach gcaillfear aon fhaisnéis ríthábhachtach, mar shampla dul níos faide ná an doiciméad ceangailteach ina dtugtar tuairisc ar na ceanglais agus an comhthéacs ina socraítear iad nó ina gcuirfear chun feidhme iad a mheas. D'fhéadfaí a áireamh leis sin oibleagáidí eile atá ann cheana maidir le malartú sonraí nach bhfuil á rialáil faoi láthair;
2. Na doiciméid a chatagóiriú bunaithe ar a gcineál agus ar a n-ábharthacht don idir-inoibritheacht.
3. Athbhreithniú tosaigh a dhéanamh chun raon feidhme agus ábhar gach doiciméid a thuiscint.
4. Achoimre nó innéacs de phríomhdhoiciméid agus a n-ábharthacht maidir le ceanglais idir-inoibritheachta a chruthú.
5. Sainaithin aon bhearnaí sa doiciméadacht a bhféadfadh sé gur ghá aghaidh a thabhairt orthu.

Breithnithe eile:

- foinsí doiciméadachta inmheánacha agus seachtracha araon a mheas;
- aird a thabhairt ar rialú leaganacha, ag cinntiú go bhfuil tú ag obair leis an bhfaisnéis is nuashonraithe;
- tagairtí a lorg do chaighdeán, nó do cheanglais sheachtracha eile a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar idir-inoibritheacht
- aird a thabhairt ar aon débhríochtaí nó neamhréireachtaí a aimsíonn tú sa doiciméadacht le haghaidh tuilleadh imscrúdaithe.

Cuimhnigh, níl sé mar aidhm ag an gcéim seo anailís dhomhain a dhéanamh ar na riachtanais, ach forbheathnú réasúnta a chruthú ar an tírdhreach doiciméadaithe. Beidh sé seo mar bhonn don anailís níos mionsonraithe sna céimeanna seo a leanas.

3.3.2 Ceanglais cheangailteacha ábhartha a shainaithint

Is é is cuspóir don chéim seo **na ceanglais cheangailteacha a bhfuil sé beartaithe agat measúnú a dhéanamh orthu a shainaithint agus a dhoiciméadú** (féach [Caibidil 2](#) le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le cad is 'ceanglas ceangailteach' ann). Tabhair do d'aire go bhféadfar measúnú idir-inoibritheachta aonair a dhéanamh freisin chun aghaidh a thabhairt ar shraith ceanglas ceangailteach (go hiondúil nuair atá siad uile le socrú leis an bpróiseas cinnteoireachta céanna).

Beidh ort na ceanglais a dhoiciméadú toisc go gcuideoidh siad leat sa phlé ar thionchair na gceanglas sin, arb é sin is aidhm don mheasúnú idir-inoibritheachta. Coinnigh i gcuimhne nach mbíonn an cleachtadh seo simplí i gcónaí. D'fhéadfadh sé nach mbeadh roinnt ceanglas soiléir agus follasach go díreach ach ní fhéadfar iad a shainaithint ach amháin tar éis anailís chríochnúil shaineolach a dhéanamh.

Scrúdaigh na doiciméid atá aitheanta agat cheana féin agus bain amach na ceanglais cheangailteacha seo a leanas:

- a bhaineann le seirbhís phoiblí dhigiteach:
 - o a bhfuil gné dhigiteach ag baint leo, is é sin nuair atá a bpróisis bhunúsacha digitithe nó uathoibrithe; ina ndéileáiltear le sonraí; a bhaineann le réitigh dhigiteacha a shocrú nó a úsáid; ina gcuirtear cainéal digiteach ar fáil chun seirbhísí a sholáthar; nó a chuirtear ar fáil trí chórais gréasán agus faisnéise
 - o a bhaineann le hidirghníomhaíocht idir eagraíochtaí poiblí, is é sin go soláthraíonn eintitis de chuid an Aontais nó comhlachtaí de chuid na hearnála poiblí iad dá chéile nó do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha san Aontas
- a bhfuil gné thras-Eorpach ag baint leo:
 - o a n-éilítear leo idirghníomhú thar theorainneacha na mBallstát, i measc eintitis an Aontais nó idir eintitis an Aontais agus comhlachtaí na hearnála poiblí

Bí críochnúil i do chuid breithnithe: Má chailltear ceanglas ceangailteach a bheith ann sa phróiseas measúnaithe, uaireanta d'fhéadfadh saincheistanna idir-inoibritheachta trasteorann a bheith mar thoradh air sin don lucht cur chun feidhme níos déanaí⁹.

⁹Mar shampla, bhí ceanglais idir-inoibritheachta in easnamh ina spreagadh roimhe seo chun athmhachnamh a dhéanamh ar an gcur chuige beartais maidir le ríomhshonrascadh: [Tuarascáil ar éifeachtaí Threoir 2014/55/AE ar an Margadh Inmheánach agus ar thús úsáide an ríomhshonrascatha sa soláthar poiblí – An Coimisiún Eorpach \(europa.eu\)](#).

Tar éis duit na riachtanais a aithint, is féidir leat an modh is fearr a roghnú chun na riachtanais aitheanta a dhoiciméadú.¹⁰ Go ginearálta, seachain an fhoirm éighníomhach a úsáid agus ceanglais á ndoiciméadú, mar is minic nach n-aithnítear na gníomhaithe (i bhfocail eile, iad siúd atá i gceist) go soiléir mar thoradh air sin. Déan cinnte go n-áirítear sa sliocht an fhaisnéis is gá chun go gcáileoidh sé mar cheanglas ceangailteach toisc go bhféadfadh faisnéis a bailíodh ó chomhthéacs an doiciméid cheangailtigh (ní ón doiciméad féin) a bheith i gceist le do mheasúnú.

Ag brath ar an gcéim den tionscadal ina leagtar síos na riachtanais, is féidir le modhanna éagsúla chun riachtanais a shainaithint agus a dhoiciméadú a bheith luachmhar (mar shampla féachaint ar scéalta úsáideoirí nó cásanna a úsáid ag tús an timthrialla reachtaigh). Mar sin, agus do riachtanais shainitheanta á ndoiciméadú agat, smaoinigh ar an lucht féachana a bhfuiltear ag súil leis don mheasúnú idir-inoibritheachta. Cé nach mór an measúnú a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin oifigiúil, mar shampla, a bheith ar fáil go poiblí, is dóichí go gcuirfidh sé eolas ar fáil freisin do na próisis ina dhiaidh sin laistigh de shaolré seirbhíse poiblí digití. Dá bhrí sin, smaoinigh an roinnfear an tuarascáil mheasúnaithe le daoine eile mar atá nó an dtarraingeoidh tú suas doiciméad difriúil le haghaidh mar shampla, comhairliúcháin le geallsealbhoirí, soláthar nó cur chun feidhme. Más sin atá i gceist, déan do mhodhanna a choigeartú dá réir. Braithfidh do dhoiciméadú freisin ar an gcineál riachtanas ceangailteach a bhfuil cur síos á dhéanamh agat orthu (mar shampla, riachtanais ghnó, fheidhmiúla agus neamhfheidhmiúla, nó riachtanais theicniúla).

Mar a luadh thuas, beidh do chuid riachtanas mar chuid de phróiseas níos mó de ghnáth, agus ní rialaíonn siad ach codanna áirithe díobh. Tá sé ciallmhar, dá bhrí sin, breathnú ar an bpróiseas foriomlán níos leithne agus do dhoiciméadú a oiriúnú dá shainiúlachtaí. Chun na críche sin, is féidir leat:

1. na ceanglais a aistriú go léaráid phróisis;
2. na ceanglais a liostú i bhfoirm atá in-athúsáidte (mar shampla, le haghaidh glao ar thairiscintí) ¹¹.

3.3.3 Na seirbhísí poiblí digiteacha tras-Eorpacha a ndearnadh difear dóibh a mhapaíl

Chun measúnú a dhéanamh ar an áit agus ar an gcaoi a ndéanfaidh na ceanglais cheangailteacha shainitheanta difear don tseirbhís phoiblí dhigiteach thras-Eorpach, tá ciall le díriú ar an tseirbhís féin a shamhlú, lena n-áirítear a gné thras-Eorpach (mar shampla, an nasc thar theorainneacha na mBallstát, i measc eintitis an Aontais nó idir eintitis an Aontais agus comhlachtaí na hearnála poiblí, trí bhithin a gcóras líonra agus faisnéise). Is é an cuspóir atá ann na malartuithe agus na hidirghníomhaíochtaí sonraí trasteorann a shainaithint agus a shamhlú, ar malartuithe agus idirghníomhaíochtaí iad a bhfuil gá leo chun an tseirbhís phoiblí a sholáthar go héifeachtach. Ar an gcaoi sin, is féidir leat an bealach a ullmhú chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí na gceanglas ar idir-inoibritheacht trasteorann, is é sin, díreach ar na malartuithe sonraí agus ar na hidirghníomhaíochtaí a sainiú roimhe seo.

Tá go leor bealaí ann chun dul i ngleic leis an tasc seo, ach leagtar amach sa roinn seo a leanas bealach amháin chun tuiscint a fháil ar an tseirbhís féin agus ar na hidirghníomhaíochtaí thar theorainneacha, as a n-eascraíonn breithnithe maidir le hidir-inoibritheacht ansin:

¹⁰ Ar thairseach sonraí oscailte an Aontais tá [Treoir maidir le Léirshamhlú Sonraí](#) ina bhfuil teicnící éagsúla ó chairteacha go graif agus scéalaíocht.

¹¹ I gcásanna ina mbeidh an measúnú idir-inoibritheachta nasctha le soláthar córas TFC, ba cheart do shonraíochtaí teicniúla na gcomhad soláthair na ceanglais a chomhlíonadh a shainítear i [sonraíochtaí teicniúla TFC chun bheith incháilithe do thagairtí sa soláthar poiblí](#), ar féidir a mheas gur réitigh idir-inoibritheachta iad.

Ar dtús, déan an tseirbhís féin a shamhlú tríd an méid seo a leanas a mheas:

- Cad é cuspóir foriomlán an chinnidh nasctha? (comhthéacs ábhartha agus pointe treoshuímh)
- Cé atá páirteach ann? (gníomhaithe amhail gnólachtaí, saoránaigh, etc.)
- Cad a tharlaíonn? (Sonraí á seiceáil? Fianaise a eisiúint?)
- Cén uair a tharlaíonn sé? (spleáchas ama? Spleáchas ar an bpróiseas?)
- Cén áit a tharlaíonn sé? (an chúloifig? Bunachair sonraí? Suíomh sonrach (fisiciúil)?)
- Cén fáth a dtarlaíonn sé seo? (bunús dlí, coimhdeacht fhéideartha san áireamh)

Is féidir leat an samhlú seo a dhéanamh ar bhealaí éagsúla (mar shampla, mar thuras úsáideora, crann cinnteoireachta nó léaráid phróisis). Is féidir leat na riachtanais a mhapáil freisin in uirlis chun ailtireacht seirbhíse a shamhlú (mar shampla, trí úsáid a bhaint as an [Ailtireacht Tagartha Eorpach maidir le hIdir-inoibritheacht \(EIRA\)](#)).

Maidir le gné thras-Eorpach na seirbhíse poiblí digití (mar shampla an nasc trasteorann a theastaíonn idir eagraíochtaí poiblí chun an tseirbhís atá i gceist a sholáthar), déan na pointí seo a leanas a mheas chun na ceanglais shainaitheanta a mhapáil ar an tseirbhís:

1. Malartuithe sonraí riachtanacha a shainaitheint:

- déan iarracht (bunaithe ar an tuairisc ar an tseirbhís agus ar na ceanglais cheangailteacha) cásanna sonracha a mhapáil inar gá sonraí a mhalartú nó a chomhroinnt le seirbhísí i mBallstáit eile nó le heintitis de chuid an Aontais;
- sonraigh na riachtanais faisnéise a chomhlíonfadh malartú sonraí i ngach cás (mar shampla, duine nádúrtha a shainaitheint, faisnéis faoi shábháilteacht táirgí nó sonraí riaracháin eagraíochtaí).

2. Seirbhísí comhoibritheacha a shainaitheint:

- i gcás gach malartaithe sonraí, an tseirbhís phoiblí ábhartha nó na seirbhísí poiblí ábhartha i mBallstáit eile nó eintitis ábhartha de chuid an Aontais ar gá don tseirbhís idirghníomhú leo a chinneadh;
- na húdaráis nó na hinstiúidí atá freagrach as na seirbhísí comhpháirtíochta sin a thabhairt faoi deara.

3. Na hidirghníomhaíochtaí a shaintréithiú:

- tabhair tuairisc ar chineál gach idirghníomhaithe (mar shampla, aisghabháil sonraí, cur isteach agus fóirú sonraí);
- Sainaithin an cineál sonraí atá mar chuid den idirghníomhaíocht agus smaoinigh ar ghrúpaí sonraí a shainiú chun leibhéal gráinneachta a bhaint amach lena féidir sonraí atá ann cheana a athúsáid.
- sainaithin treo an tsreafa sonraí (aontreoch nó déthreoch);
- aon riachtanais shonracha maidir leis na hidirghníomhaíochtaí sin a thabhairt faoi deara (mar shampla, baic vs fóir-ama, agus minicíocht).

Ansin is féidir leat na naisc a mhapáil freisin.

4. Léiriú físiúil de na hidirghníomhaíochtaí sin a chruthú:

Cuirfidh samhlú den sórt sin, mar shampla léaráid ailtireachta, luach suntasach leis an bpróiseas measúnaithe breise freisin. Don chéad chéim, is féidir leat léaráidí sreafa, turais úsáideora nó modhanna eile samhlaíthe a úsáid.

Tar éis na naisc sin a mhapáil, tá sé tábhachtach freisin machnamh a dhéanamh ar a mbeadh i gceist go sonrach leis an gceanglas ceangailteach a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, ba cheart duit aird a thabhairt ar na pointí seo a leanas freisin.

5. Spleáchais a shainaithint:

- tabhair faoi deara aon spleáchais ar chórais, caighdeán nó prótacail shonracha is gá le haghaidh na n-idirghníomhaíochtaí sin; (mar shampla, nuair a choinnítear cuid de na sonraí i mbunchlár, breithniú a dhéanamh ar na spleáchais ar an mbunchlár ábhartha chun athúsáid na sonraí sin a chinntiú)
- béim a leagan ar aon réitigh idir-inoibritheachta atá in úsáid cheana nó atá beartaithe.

6. Smaoinigh ar inscálaitheacht:

- measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht an tseirbhís a athúsáid leis na ceanglais shonracha — an bhféadfaí í a athúsáid i gcásanna úsáide eile?
- athruithe a d'fhéadfadh teacht ar cheanglais maidir le malartú sonraí le himeacht ama a mheas (mar shampla d'fhéadfadh athrú teacht ar chineál nó ar mhéid na sonraí nó ar mhinicíocht na hidirghníomhaíochta).

D'fhéadfadh léarscáil nó léaráid a bheith mar thoradh ar na hiarrachtaí sin lena léirítear an chaoi a n-idirghníomhaíonn do sheirbhís phoiblí le seirbhísí eile thar theorainneacha. D'fhéadfaí an méid seo a leanas a áireamh leis sin:

- léiriú físiúil ar na naisc seirbhíse (d'fhéadfadh sé sin mionsonraí a thabhairt faoi na cineálacha sonraí a mhalartaítear agus cineál gach idirghníomhaíochta);
- liosta de sheirbhísí comhpháirtíochta agus d'údaráis fhreagracha;
- riachtanais spleáchais agus idir-inoibritheachta a thabhairt faoi deara.

D'fhéadfadh na mapálacha sin a bheith ina bpointe tagartha don phróiseas measúnaithe, rud a chuideodh le dúshlán nó ceanglais idir-inoibritheachta a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint. Mar shampla, d'fhéadfá iad a úsáid chun dul i gcomhairle le geallsealbhóirí agus neamhréireachtaí a aimsiú le chéile (loighciúil, dlíthiúil nó formáidiú/doiciméadú), deirí oscailte nó dúbláil. Léireofar leo freisin spleáchais ar sheirbhísí, eagraíochtaí nó próisis eile a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an gceanglas ceangailteach atá i gceist.

3.3.4 Páirt a thabhairt do gheallsealbhóirí

Ba cheart liosta na ngeallsealbhóirí a cuireadh le chéile le linn chéim an ullmhúcháin a bheachtú ag an gcéim seo den mheasúnú. Is féidir comhairliúcháin a úsáid chun críocha éagsúla: is féidir leo cabhrú le doiciméadú na gceanglas agus na seirbhísí lena mbaineann a bheachtú (mar a luaitear thuas). Is féidir leo cabhrú leat freisin míniú níos fearr a thabhairt ar an tsaincheist atá i gceist do na geallsealbhóirí agus is féidir leo cabhrú le measúnú a dhéanamh ar dheiseanna le haghaidh idir-inoibritheacht trasteorann níos fearr amach anseo.

Ós rud é go ndírítear ar sheirbhísí poiblí digiteacha tras-Eorpacha agus ar a n-idir-inoibritheacht trasteorann, tá dhá ghrúpa páirtithe leasmhara ábhartha go háirithe don mheasúnú:



Úsáideoirí seirbhísí poiblí digiteacha: faighteoirí seirbhíse (daoine nádúrtha nó dlítheanacha) a bhraitheann ar idirghníomhaíocht seirbhísí poiblí digiteacha thar theorainneacha chun úsáid éifeachtach a bhaint as na seirbhísí sin.

Chun measúnú idir-inoibritheachta a dhéanamh, is gá dul i gcomhairle leis na faighteoirí seirbhíse sin (lena n-áirítear saoránaigh nó a n-ionadaithe) chun measúnú a dhéanamh ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann. Tugann sé sin aiseolas luachmhar maidir le comhréireacht an cheanglais ceangailteach i ndáil le sprioc bhunaidh a thabhairt isteach (i.e. an bhfuil an ceanglas sin comhréireach leis an tairbhe a mheastar a bhainfidh lena thabhairt isteach?). Fágann sé freisin gur féidir éifeachtacht an cheanglais a mheas (is é sin, an gcuideoidh an ceanglas ceangailteach leis an méid a leagadh síos dó a bhaint amach?). Dá bhrí sin, is féidir na ceanglais a oiriúnú dá réir sula ndéanfar cinneadh ceangailteach. Coinnigh i gcuimhne, áfach, go bhféadfadh daoine aonair nach bhfuil cúlra acu i mbainistíocht faisnéise nó TF a bheith i gceist le measúnuithe den sórt sin, agus do chumarsáid a choigeartú dá réir.



Is eintitis de chuid an Aontais nó comhlachtaí de chuid na hearnála poiblí iad **eagraíochtaí poiblí i mBallstáit eile nó ar leibhéal an Aontais** a dhéanann seirbhísí poiblí digiteacha tras-Eorpacha a rialáil, a sholáthar, a bhainistiú nó a chur chun feidhme.

Cuimsítear leo geallsealbhóirí ó shaolré iomlán na seirbhíse (mar shampla oifigigh bheartais, lucht cur chun feidhme TF agus grúpaí úsáideoirí eile dá ndéantar dífear laistigh den eagraíocht phoiblí, amhail soláthraithe seirbhíse). Mura bhfuil tú cinnte conas dul i gcomhairle leis na geallsealbhóirí sin, is féidir leat féachaint ar Chaibidil 7 freisin i m[Bosca Uirlisí an Choimisiúin Eorpaigh um Rialáil Níos Fearr](#). Bí ar an eolas go bhféadfadh sé a bheith riachtanach féachaint go domhain ar réimsí beartais ar leith chun idir-inoibritheacht a áirithiú. D'fhéadfaí a áireamh mar shampla eile de chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara, dul i gcomhairle le saineolaithe sna réimsí sin.

Coinnigh i gcuimhne freisin nach gciallaíonn ceanglas Airteagal 3 IEA maidir le comhairliúcháin a dhéanamh nach mór na comhairliúcháin sin a dhéanamh sa bhreis ar chomhairliúcháin atá mar chuid de phróisis eile. Is féidir comhtháthú a dhéanamh leis na próisis atá ann cheana agus, go deimhin, moltar go mór é chun leas a bhaint as na sineirgí atá ar fáil (féach [Caibidil 5](#)).

Is féidir le rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí dul níos faide ná an chéim thosaigh sin agus is féidir leat toradh na chéad chéime eile (measúnú) a bhailíochtú le geallsealbhóirí freisin.

3.4 Measúnú ar idir-inoibritheacht trasteorann

Tar éis dúinn bunús do mheasúnaithe a bhunú, bogaimid anois go croílár an phróisis measúnaithe idir-inoibritheachta. Is éard atá i gceist leis an gcéim seo meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí na gceanglas ceangailteach ar idir-inoibritheacht trasteorann ó pheirspictíochtaí iomadúla i gcomhréir le CEI.

Sna fo-ailt seo a leanas, fiosróimid conas anailís a dhéanamh ar na héifeachtaí ar an idir-inoibritheacht trasteorann — agus gnéithe dlíthiúla, eagraíochtúla, séimeantacha agus teicniúla á gcur san áireamh — agus cuirfimid samplaí dea-chleachtais ar fáil maidir le conas dul i ngleic leis an tasc seo.

3.4.1 Anailís a dhéanamh ar éifeachtaí ar idir-inoibritheacht trasteorann

Ní fhorordaíonn IEA aon mhodh éigeantach amháin, ach luaitear ann gur uirlis tacaíochta é CEI (Airt. 3 (2) IEA).

Mar a mhínítear thuas, is gá a choinneáil i gcuimhne leis an measúnú nach gá an bealach i dtreo idir-inoibritheacht iomlán a léiriú, ach ba cheart go gcabhródh sé le bealaí a bhrath i dtreo níos mó idir-inoibritheachta. Má tá cinneadh déanta ag d’eagraíocht phoiblí cheana modh amháin a úsáid le haghaidh measúnuithe, lean an cinneadh sin (féach [Caibidil 5](#)).

Má ghlactar le CEI mar phríomhphointe tosaigh do do mheasúnú, ní mór a mheas a mhéid a chumasaíonn na ceanglais atá beartaithe idir-inoibritheacht nó a chuireann siad bac uirthi. D’fhéadfaí a léiriú leis sin freisin an bhfuil gá le ceanglais bhreise. Luaitear in Aithris 21 gur cheart meastóireacht a dhéanamh sa mheasúnú ar éifeachtaí na gceanglas ceangailteach atá beartaithe ag féachaint do thionscnamh, do chineál, do shainiúlacht agus do scála na n-éifeachtaí sin. Chun aird a thabhairt orthu sin, is féidir leis na ceithre ghné de CEI a bheith ina gcéad phointe tosaigh.



3.4.1.1 Measúnú a dhéanamh

ar ghnéithe dlíthiúla

Is é an aidhm atá ann measúnú a dhéanamh ar a mhéid a cheadaítear leis na ceanglais cheangailteacha d’eagraíochtaí poiblí a oibríonn faoi chreataí dlíthiúla, beartais agus straitéisí éagsúla oibriú le chéile chun seirbhísí poiblí digiteacha tras-Eorpacha a sholáthar. Ba cheart tosca amhail comhsheasmhacht an cheanglais leis na dlíthe agus na rialacháin atá ann cheana a chur san áireamh sa mheasúnú sin; an fhéidearthacht go mbeadh coinbhleachtaí nó neamhréireachtaí ann le creataí dlíthiúla eile, lena n-áirítear beartais dhigiteacha an Aontais; agus indéantacht an chur chun feidhme agus an fhorfheidhmithe.



3.4.1.2 Measúnú a dhéanamh ar ghnéithe eagraíochtúla

Is é an aidhm atá ann measúnú a dhéanamh ar a mhéid a chuidíonn nó nach gcuidíonn na ceanglais cheangailteacha le heagraíochtaí poiblí a bpróisis ghnó, a bhfreagrachtaí agus a n-ionchais ghnó a ailíniú chun soláthar ardcháilíochta rianúil na seirbhísí poiblí digiteacha tras-Eorpacha a bhaint amach. Cá mhéad a chruthaítear leis na ceanglais cheangailteacha deiseanna, nó rioscaí, d’eagraíochtaí agus don chaoi a n-oibríonn siad? An bhfuil cúraimí nua á leagan síos acu, mar shampla, ar gá iad a ionchorprú nó an bhfuil freagrachtaí á (n-ath)leithdháileadh acu?



3.4.1.3 Measúnú a dhéanamh ar ghnéithe séimeantacha

Is é an aidhm atá ann measúnú a dhéanamh ar a mhéid a chinntítear leis na ceanglais cheangailteacha go gcaomhnófar agus go dtuigfear formáid bheacht agus brí bheacht na sonraí agus na faisnéise malartaithe ag gach céim den mhalartú is gá chun na seirbhísí poiblí digiteacha tras-Eorpacha lena mbaineann a sholáthar. Cá mhéad a chruthaítear leis na ceanglais cheangailteacha deiseanna nó rioscaí do mhalartú fóinteach sonraí thar theorainneacha? An spreagann siad úsáid foclóiríní rialaithe, mar shampla, nó an bhfuil coincheapa nua in úsáid acu?



3.4.1.4 Measúnú a dhéanamh ar ghnéithe teicniúla

Is é an aidhm atá ann measúnú a dhéanamh ar a mhéid a chuidíonn na ceanglais cheangailteacha leis na páirtithe éagsúla idirnascadh go slán agus go cuí ionas gur féidir leo na seirbhísí poiblí digiteacha tras-Eorpacha a sholáthar.

Maidir leis an leagan seo de na treoirilínte, níl aon uirlis amháin ann a chumhdódh na gnéithe sin go léir. I láthair na huaire, tá an chéad leagan ar an Tairseach Eoraip Idir-inoibritheach lenar féidir do thorthaí a thuairisciú san fhormaid a fhorordaítear san iarscríbhinn a ghabhann leis an rialachán.

Faoi láthair, is féidir an chéad smaoineamh a thabhairt sa sampla seo a leanas ar na ceisteanna is gá chun idir-inoibritheacht trasteorann a chumasú agus, dá bhrí sin, na chéad phointí idirghabhála chun éifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag na ceanglais cheangailteacha ar idir-inoibritheacht trasteorann a shainaithint.



Sampla: Tá fadhbanna fós le sárú ag saoránaigh faoi mhíchumas agus a gcárta míchumais náisiúnta á úsáid acu i dtíortha eile de chuid an Aontais. Is léir go gcaithfear na fadhbanna seo a shárú. Go hidéalach, ba cheart cártaí míchumais náisiúnta a bheith digiteach, ach ardaíonn sé sin roinnt ceisteanna deacra idir-inoibritheachta. Mar shampla:

- Dlíthiúil:
 - Conas is féidir a chinntiú go mbeidh aon chruthúnas ar mhíchumas (e.g. cárta digiteach) arna eisiúint ag údarás inniúil i mBallstát bailí go dlíthiúil i mBallstát eile freisin?
 - Conas a sheiceáil gur leor an t-ábhar atá i gcruthúnas digiteach ar mhíchumas chun comhlíonadh na gceanglas nós imeachta i mBallstát eile a chruthú?
 - An féidir ábhar cruthúnais trasteorann ar mhíchumas a mhalartú ar bhonn trasteorann i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí?
- Eagraíochtúil:
 - Cén eagraíocht phoiblí atá i dteideal cruthúnas ar mhíchumas a eisiúint i gcomhthéacs trasteorann (mar shampla do dhuine atá ina chónaí agus ag obair i mBallstát éagsúil)?
 - Conas a iarrann eagraíochtaí poiblí cruthúnas ar mhíchumas i gcomhthéacs trasteorann?
- Séimeantach:
 - Conas a chinntiú go bhfuil gach ábhar den chruthúnas míchumais seo intuigthe?
 - Conas a chinntiú go bhfuil an bhrí chéanna acu do gach rannpháirtí?
- Teicniúil:
 - An eisítear an cruthúnas ar mhíchumas i bhformáid is féidir le haon eagraíocht phoiblí iarrthach a phróiseáil?

- An bhfuil córas teicniúil ann le haghaidh malartú trasteorann cruthúnais ar mhíchumas atá idir-inoibritheach do na páirtithe uile a bhfuil baint acu leis an malartú?

3.4.1.5 Dea-chleachtais chun éifeachtaí ar idir-inoibritheacht trasteorann a bhrath

Cuirimid i láthair thíos roinnt cineálacha éagsúla cur chuige atá bunaithe ar CEI agus is féidir a úsáid mar uirlisí tacaíochta agus an measúnú ar idir-inoibritheacht trasteorann á dhéanamh againn. Comhlíonann na cuir chuige sin go léir an ceanglas dlíthiúil maidir leis an measúnú a dhéanamh ar ‘bhealach iomchuí’.

3.4.1.5.1 Dea-chleachtas 1: ceanglais cheangailteacha i mbeartais (seiceálacha digiteacha)

Is minic nach scríobhtar ceanglais cheangailteacha i dtéacsanna dlí laistigh d’fhoireann ildisciplíneach, mar sin d’fhéadfadh eolas ar roinnt gnéithe den chur chun feidhme digiteach a bheith in easnamh. I gcásanna den sórt sin, is cleachtadh fionnachtana é an measúnú ina bhfaigheann na gníomhaithe amach go bhfuil ceanglais cheangailteacha sa bheartas agus go dtagann siad ar an eolas faoi iarmhairtí cur chun feidhme ina dhiaidh sin a d’fhéadfadh nár bhreithnigh siad roimhe seo. Ina theannta sin, is féidir beartais a chur chun feidhme ar bhealaí an-difriúil agus i mórán cásanna níl sé i gceist fiú go mbeidís saintreorach maidir leis an modh cur chun feidhme. Ciallaíonn sé sin go bhfuil dhá dhúshlán bhreise ag baint le measúnuithe idir-inoibritheachta ar bheartais:

- d’fhéadfadh sé gur beag eolas atá ag na daoine atá ag dréachtú na gceanglas ar an gcur chun feidhme digiteach;
- d’fhéadfadh go leor ceisteanna maidir le cur chun feidhme digiteach a bheith an-oscailte fós toisc go bhfuil an próiseas fós ag an tús.

Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, tá an Coimisiún agus roinnt Ballstát tar éis seicliostaí praiticiúla a dhéanamh de CEI le blianta beaga anuas, ar seicliostaí iad atá níos éasca do lucht ceaptha beartas a thuiscint agus a fhreagairt¹². Is féidir leis na ceistneoirí sin a bheith ina dtúsphointe do lucht ceaptha beartas ar mian leo a fháil amach conas is féidir le beartas feabhas a chur ar idir-inoibritheacht trasteorann nó ar na rioscaí a chruthaíonn dúshláin nua do shreabhadh sonraí trasteorann. Is féidir leo lucht déanta beartas a threorú freisin maidir le céimeanna breise atá le glacadh agus iad ag féachaint níos doimhne ar shaincheisteanna oscailte (mar shampla trí shaineolaithe a bhfuil cúlraí gairmiúla eile acu a bheith rannpháirteach).

3.4.1.5.2 Dea-chleachtas 2: creat idir-inoibritheachta speisialaithe mar thagairt

Is féidir leis an obair a bhaineann leis an measúnú aonair a bheith níos éasca má tá rialachas idir-inoibritheachta foriomlán atá ailínithe le CEI ag an eagraíocht cheana féin. Sa chás sin, ní gá CEI a ghlacadh mar thúsphointe chun an measúnú a dhéanamh. Trí úsáid a bhaint as na sainchreataí idir-inoibritheachta (mar shampla, NIF nó creat idir-inoibritheachta earnála) chun an measúnú a dhéanamh, is féidir níos mó luacha a chruthú agus d’fhéadfaí an cur chuige a dhéanamh níos simplí. Seo a leanas samplaí de phróisis rialachais idir-inoibritheachta atá ailínithe le CEI agus a d’fhéadfaí a aithint ó do thaithí féin.

¹² I measc na samplaí tá cleachtais in [Uirlis #28 an Choimisiúin i mBosca Uirlisí an Choimisiúin Eorpaigh um Rialáil Níos Fearr](#); An Danmhairg [Reachtaíocht atá réidh le haghaidh digitíú \(digst.dk\)](#); agus an Ghearmáin [Digitalcheck: An leagan béite a bheachtú céim ar chéim | DigitalService \(bund.de\)](#).

- Rinne roinnt Ballstát CEI a ‘thrasuí’ i ndlí náisiúnta idir-inoibritheachta agus chuir siad ceanglais isteach a bhaineann go sonrach le comhthéacs a mBallstáit féin¹³. Sna cásanna sin, is féidir scrúdú a dhéanamh leis an measúnú ar an gcaoi a n-oirfeadh na ceanglais cheangailteacha don leagan amach sin.
- Tá ailtireachtaí tagartha idir-inoibritheachta náisiúnta tugtha isteach ag roinnt Ballstát atá ailínithe le CEI (tá cuid acu bunaithe ar EIRA)¹⁴. D’fhéadfaí scrúdú a dhéanamh sa mheasúnú ar an gcaoi a n-oireann na ceanglais d’ailtireachtaí náisiúnta den sórt sin.
- Tá creataí rialachais sonraí tugtha isteach ag roinnt Ballstát ina n-ionchorpraítear moltaí CEI. Is féidir an measúnú a bhunú ar chleachtais den sórt sin.
- Bhain roinnt eagraíochtaí idirnáisiúnta, amhail an Banc Domhanda, úsáid as CEI mar threoirphrionsabal dá dtionscnaimh, amhail [ID4D \(Sainaithint le haghaidh forbartha\)](#) arb é is aidhm dó cabhrú le cleachtóirí córais aitheantais atá cuimsitheach agus iontaofa a dhearadh agus a chur chun feidhme.

D’fhéadfaí an méid seo a leanas a áireamh ar cheisteanna a bhaineann le hailíniú le creat náisiúnta nó speisialaithe:

- conas a oireann na ceanglais don rialachas idir-inoibritheachta i m’eagraíocht?
- conas a n-oireann na riachtanais don leagan amach ailtireachta?
- an bhfuil na sreafaí sonraí lena mbaineann doiciméadaithe againn, mar a cheanglaítear lenár leagan amach idir-inoibritheachta náisiúnta?

3.4.1.5.3 Dea-chleachtas 3: uirlisí in-athúsáidte

Tá an túsphointe sin ábhartha do gach eagraíocht nach bhfuil modh tiomnaithe acu le haghaidh measúnuithe (idir-inoibritheachta) nó a bhfuil modh tiomnaithe den sórt sin acu ach nach bhfuil ailínithe le CEI. Is cur chuige luachmhar é freisin chun measúnú níos sonraí a dhéanamh ar na ceanglais cheangailteacha (mar shampla, chun comhlíonadh caighdeán a sheiceáil).

Forbraíodh roinnt réiteach chun tacú le measúnú atá bunaithe ar CEI chun críocha éagsúla. Ní mór na réitigh sin go léir a oiriúnú chun tacú go hiomlán leis na measúnuithe idir-inoibritheachta amach anseo, ach is féidir leo treoir chabhrach a chur ar fáil cheana féin sa lá atá inniu ann. Má léirítear scór ard sa mheasúnú, ba cheart an éifeacht ar idir-inoibritheacht trasteorann a bheith dearfach; ba cheart go spreagfadh leibhéal íseal ailínithe scór íseal. Seo a leanas samplaí de na huirlisí sin.

- I gcás measúnuithe a bhaineann le hathrú ar sheirbhís phoiblí dhigiteach atá ann cheana: na [hUirlisí Aibíochta Idir-inoibritheachta](#) ([IMAPS](#), [SIQAT](#) agus [GIQAT](#)). Is uirlisí féinmheasúnaithe iad sin chun meastóireacht a dhéanamh ar aibíocht idir-inoibritheachta na seirbhísí poiblí digiteacha ar gach leibhéal rialtais. Dá bhrí sin, cuireann siad túsphointí luachmhara ar fáil ach ba ghá iad a oiriúnú toisc go mbaineann measúnuithe idir-inoibritheachta le ceanglais cheangailteacha, seachas le seirbhísí poiblí digiteacha sonracha. Má roghnaítear réiteach den sórt sin, ba cheart ceistneoirí ar líne chun aibíocht idir-inoibritheachta a scóráil a sholáthar in éineacht le moltaí don tuarascáil.

¹³ Is féidir samplaí a fháil sa Chreat Idir-inoibritheachta Náisiúnta O [NIFO — Faireachlann an Chreata Idir-inoibritheachta Náisiúnta](#)

¹⁴ I measc na samplaí tá [an Pholainn](#), chomh maith le [Málta](#)

- I gcás measúnuithe a bhaineann le caighdeán nó le sonraíocht: Is uirlis féinmheasúnaithe é [CAMSS](#) chun meastóireacht a dhéanamh ar thacaíocht idir-inoibritheachta na gcaighdeán agus/nó na sonraíochtaí roghnaithe. Ba cheart ceistneoir ar líne chun idir-inoibritheacht a scóráil a chur ar fáil don tuarascáil.

3.5 Sainaithint réitigh

Príomhphrionsabal a leagtar béim air in IEA is ea an tábhacht agus an luach a bhaineann le réitigh idir-inoibritheachta atá ann cheana a athúsáid (mar shampla, bloic thógála chaighdeánaithe nó croífhoclóiríní) chun idir-inoibritheacht, comhchuíbhiú agus úsáid éifeachtach acmhainní poiblí a chur chun cinn. Ní hamháin go gcuireann an cur chuige sin feabhas ar idir-inoibritheacht trasteorann ach cuireann sé freisin le cost-éifeachtúlacht agus comhsheasmhacht idir seirbhísí poiblí san Aontas.

Luaitear in IEA nach mór d’eagraíochtaí, le linn an phróisis measúnaithe idir-inoibritheachta, meastóireacht a dhéanamh ar infheidhmeacht agus, dá bhrí sin, ar in-athúsáidteacht na réiteach atá ann cheana, agus go háirithe na réitigh sin a ainmnítear mar ‘réitigh um Eoraip Idir-inoibritheach’. Is réitigh idir-inoibritheachta iad sin (mar shampla, caighdeáin, bloic thógála agus croífhoclóiríní) a ndearna an Bord um Eoraip Idir-inoibritheach grinnfhiosrúchán orthu agus a mhol siad mar gheall ar a n-acmhainneacht idir-inoibritheacht (trasteorann) a fheabhsú nó a bhunú i gcás inar gá.

Is iad seo a leanas príomhchuspóirí na céime seo:

1. réitigh ábhartha maidir le hEoraip Idir-inoibritheach a shainaithint lena bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar na riachtanais idir-inoibritheachta a sainaithníodh i do mheasúnú;
2. meastóireacht a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí na réitigh sin a chomhtháthú i do sheirbhís chun idir-inoibritheacht a fheabhsú;
3. catalóga eile de réitigh in-athúsáidte a mheas, bíodh sin ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta, lena bhféadfaí cineálacha cur chuige oiriúnacha a chur ar fáil.

Trí thosaíocht a thabhairt d’athúsáid na réiteach atá ann cheana, is féidir dlús a chur le forbairt seirbhísí idir-inoibritheacha, is féidir dúbláil iarrachtaí a laghdú, agus is féidir ailíniú le caighdeáin agus cleachtais sheanbhunaithe ar fud an Aontais a chinntiú.

Sna fo-ailt seo a leanas, fiosróimid conas na réitigh seo a shainaithint, a mheas agus a oiriúnú go héifeachtach i gcomhthéacs do riachtanais seirbhíse agus idir-inoibritheachta ar leith.

3.5.1 Taighde agus meastóireacht a dhéanamh ar réitigh ábhartha um Eoraip Idir-inoibritheach

Mar a luaitear go hachomair thuas, is féidir le **réitigh um Eoraip idir-inoibritheach** a bheith ina sócmhainn in-athúsáidte ar bith a bhaineann le ceanglais dhlíthiúla, eagraíochtúla, shéimeantacha nó theicniúla chun idir-inoibritheacht trasteorann a chumasú. Chuimseofaí le samplaí creataí coincheapúla, treoirlínte, ailtireachtaí tagartha, sonraíochtaí teicniúla, caighdeáin, seirbhísí agus feidhmchláir, chomh maith le comhpháirteanna teicniúla doiciméadaithe ar nós cód foinseach. Is réitigh idir-inoibritheachta iad **réitigh um Eoraip idir-inoibritheach** a mhol an Bord um Eoraip Idir-inoibritheach (a bhfuil coinne leo in 2025).

3.5.2 Réitigh idir-inoibritheachta atá ábhartha don taighde



Leis an [Tairseach um Eoraip Idir-inoibritheach](#) (Joinup roimhe seo) tabharfar rochtain ar deireadh ar gach réiteach um Eoraip Idir-inoibritheach, a mharcálfar dá réir sin agus a mbeidh feidhmiúlachtaí cuardaigh comhfhreagracha ag gabháil leo. Éascóidh an tairseach an cuardach ar réitigh ábhartha eile a thuilleadh, lena n-áirítear réitigh foinse oscailte. Mar sin féin, tá go leor réitigh ar fáil cheana féin ar an tairseach.

Is féidir le tairseacha náisiúnta feidhmiú mar phointí iontrála freisin inar féidir leat réitigh in-athúsáidte a lorg lena bhfeabhsaítear idir-inoibritheacht. Más mian leat tú féin a choinneáil ar an eolas faoi réitigh a d'fhéadfadh a bheith ábhartha amach anseo, smaoinigh ar dhul isteach i bpobail ábhartha áit a bhfaighidh tú tuilleadh faisnéise freisin agus inar féidir leat páirt a ghlacadh i bpléití.

3.5.3 Réitigh ábhartha um Eoraip Idir-inoibritheach a mheas agus a roghnú

Agus meastóireacht á déanamh ar na réitigh shainaitheanta agus iad á roghnú as na réitigh shainaitheanta, ba cheart cuspóirí nithiúla an mheasúnaithe a sainaithníodh sa chéad chéim a mheabhrú. Go ginearálta, déantar an chuid seo den mheasúnú chun na **deiseanna idir-inoibritheachta a mhéadú** amach anseo nuair a chuirfear na ceanglais chun feidhme.

Gné choiteann de réitigh um Eoraip Idir-inoibritheach agus réitigh idir-inoibritheachta is ea gur féidir iad araon a athúsáid. Trí réitigh in-athúsáidte a shainaithint go luath sa phróiseas, is féidir cabhrú le ceanglais a dhearadh nó iad a oiriúnú ar bhealach lena bhféadfaí na réitigh sin a athúsáid agus, ar an gcaoi sin, coigilteas costais a cheadú agus na ceanglais á gcur chun feidhme.

Mar sin féin, is féidir leis an measúnú sa chéim seo cláir oibre an-éagsúil a leanúint, lena n-áirítear:

- **taiscéalaíocht:** rudaí a choinneáil ar oscailt go leor lena n-athúsáid (mar shampla, réiteach um Eoraip Idir-inoibritheach);
- **faisnéis:** lucht cur chun feidhme a chur ar an eolas tríd an tuarascáil mheasúnaithe faoi réitigh atá ann cheana a d'fhéadfaí a úsáid lena gcur chun feidhme;
- **pleanáil:** an gá atá le huirlis in-athúsáidte a fhorbairt a dhoiciméadú.

Níl na réitigh a liostaítear i dtuarascáil mheasúnaithe ceangailteach go huathoibríoch ar an lucht cur chun feidhme. Mar sin féin, is féidir leo cabhrú leis an lucht cur chun feidhme ailíniú agus nascadh lena n-iarrachtaí cur chun feidhme, acmhainní a shábháil agus rannchuidiú go huathoibríoch le hidir-inoibritheacht níos airde ar fud an Aontais. Chuige sin, ní hamháin gur cheart duit a mheas an féidir athúsáid a dhéanamh agus cá háit is féidir í a athúsáid, ach ba cheart duit a shoiléiriú freisin, ag brath ar an gcás, cén réiteach/cé na réitigh a d'fhéadfaí a athúsáid nó ar cheart é/iad a athúsáid nó an gá réiteach nua a fhorbairt. Más féidir, d'fhéadfá teagmháil a dhéanamh le do gheallsealbhóirí arís chun do thorthaí a sheiceáil agus aiseolas a fháil uathu maidir le réitigh fhéideartha.

3.6 Tuairisciú

Tar éis duit do mheasúnú ar na himpleachtaí idir-inoibritheachta a chur i gcrích agus réitigh fhéideartha a shainaithint, is é an chéad chéim eile atá le déanamh agat ná do thorthaí agus do mholtaí a dhoiciméadú i dtuarascáil mheasúnaithe. Is príomhtháirge insoláthartha den phróiseas measúnaithe idir-inoibritheachta í an tuarascáil seo. Ar an Tairseach um Eoraip Idir-inoibritheach, beifear in ann do

thuarascáil a líonadh isteach bunaithe ar an bhfaisnéis a shainordaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nGníomh. Tá tábhacht ag baint leis na sonraíochtaí a bhaineann leis an tuarascáil a dhréachtú, a athbhreithniú agus a thabhairt chun críche, ach ní thagann siad faoi raon feidhme na caibidle seo. Chun treoir mhionsonraithe a fháil maidir le conas do thuarascáil mheasúnaithe idir-inoibritheachta a struchtúrú agus a thiomsú (lena n-áirítear ceanglais shonracha maidir le hábhar agus formáid), féach [Caibidil 4](#) den treoir seo, áit a bhfaighidh tú teoracha maidir le tuarascáil shoiléir agus fhaisnéiseach a chruthú ar féidir gníomhú ina leith agus a chomhlíonann na ceanglais atá leagtha amach san IEA.

3.7 Obair leantach

Le tabhairt i gcrích an mheasúnaithe idir-inoibritheachta agus le táirgeadh na tuarascála, comhlíontar an ceanglas sainordaitheach maidir le measúnú idir-inoibritheachta a dhéanamh. Chun an tairbhe is mó is féidir a bhaint as an measúnú a dhéanamh, áfach, ba cheart obair leantach a dhéanamh ar na conclúidí agus ar na torthaí — trí mholtaí a dhéanamh, trí fhaisnéis maidir le torthaí a chur in iúl nó trí ghníomhaíocht nithiúil a dhéanamh.

D'fhéadfadh an chéim leantach dúshlán nó deiseanna nua a léiriú freisin nach raibh le feiceáil le linn an mheasúnaithe tosaigh. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, a bheith solúbtha i gcónaí agus a bheith ullamh chun an plean gníomhaíochta a choigeartú chun machnamh a dhéanamh ar fhíorthorthaí iarbhír agus ar léargais atá ag teacht chun cinn.

Trí thorthaí an mheasúnaithe a leanúint, cuirtear ar a gcumas d'eagraíochtaí a chinntiú go dtiocfaidh feabhsuithe fóinteacha ar sholáthar seirbhísí poiblí digiteacha tras-Eorpacha mar thoradh ar mheasúnuithe idir-inoibritheachta.

Achoimre

Leagtar amach sa chaibidil seo próiseas cuimsitheach chun measúnú idir-inoibritheachta a dhéanamh, lena soláthraítear treochlár mionsonraithe ón ullmhúchán tosaigh go dtí feabhsú leanúnach. Is cur chuige dea-chleachtais é an próiseas a ndéantar cur síos air atá oiriúnach do thionscadail chasta a éilíonn meastóireacht chríochnúil ar impleachtaí idir-inoibritheachta.

Tá sé tábhachtach a aithint go bhfeidhmíonn an próiseas mionsonraithe sin mar chreat idéalach lena dtugtar léargas iomlán ar an méid a d'fhéadfadh a bheith i gceist le measúnú idir-inoibritheachta ar scála iomlán. Mar sin féin, tuigimid nach mbeidh na hacmhainní ag teastáil ó gach tionscadal nó eagraíocht le haghaidh measúnú chomh fairsing sin nó nach mbeidh na hacmhainní sin acu.

Mar a cuireadh i dtábhacht ag tús na caibidle seo, ba cheart an próiseas measúnaithe idir-inoibritheachta a oiriúnú chun freastal ar riachtanais, srianta agus saintréithe sonracha d'eagraíochta agus do thionscadail. Ba cheart raon feidhme agus doimhneacht do mheasúnaithe a bheith comhréireach le scála agus tionchar féideartha an tionscnaimh a bhfuil meastóireacht á déanamh agat air.

Ba cheart é a bheith de shaoirse ag eagraíochtaí an próiseas sin a scálú agus a chur in oiriúint chun freastal ar a gcúinsí ar leith. D'fhéadfadh sé go gciallódh sé sin díriú ar chéimeanna áirithe níos mó ná a chéile, céimeanna a chomhcheangal nó leibhéal an mhionsonraithe san anailís a choigeartú bunaithe ar na hacmhainní atá ar fáil agus ar chastacht na seirbhíse atá á measúnú. Is í an eochair croíphrionsabail an mheasúnaithe a urramú agus a chinntiú go bhfanann an próiseas inbhainistithe agus go soláthraítear leis léargas luachmhar laistigh de do chúinsí sonracha.

Tugtar achoimre ar shampla neamhphacáilte de phróiseas dea-chleachtais san fhíor seo a leanas.

Sampla cuimsitheach dea-chleachtais de phróiseas iomlán

Ullmhúchán

- An gá atá le measúnú idir-inoibritheachta a shainaithint
- Raon feidhme agus cuspóirí an mheasúnaithe a shainiú
- Foireann mheasúnaithe a chur le chéile
- Geallsealbhóirí ábhartha a shainaithint

Anailís tosaigh

- Athbhreithniú a dhéanamh ar dhoiciméadacht agus ar bheartais lena dtugtar tuairisc ar cheanglais
- Ceanglais cheangailteacha ábhartha a shainaithint agus a dhoiciméadú
- Seirbhísí poiblí digiteacha tras-Eorpacha a ndéantar difear dóibh a mhapáil
- Agallaimh a dhéanamh le geallsealbhóirí

Measúnú

Anailís a dhéanamh ar éifeachtaí ar idir-inoibritheacht trasteorann

- Gnéithe dlíthiúla
- Gnéithe eagraíochtúla
- Gnéithe séimeantacha
- Gnéithe teicniúla

Sainaithint réitigh

- Imscrúdú a dhéanamh ar réitigh maidir le hEoraip Idir-inoibritheach atá ann cheana
- Réitigh idir-inoibritheachta ábhartha eile a shainaithint
- Meastóireacht a dhéanamh ar réitigh nua a d'fhéadfadh a bheith ann

Tuairisciú

- Dréacht-tuascáil maidir le measúnú
- Tuascáil a athbhreithniú le geallsealbhóirí
- Bailchríoch a chur ar an tuascáil agus í a fhoilsiú

Gníomhaíocht leantach

- Plean gníomhaíochta a fhorbairt bunaithe ar thorthaí an mheasúnaithe
- Athruithe molta a chur i bhfeidhm
- Monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar thionchar

Feabhas leanúnach

- Modhanna measúnaithe a nuashonrú agus a dhoiciméadú bunaithe ar thaithí
- Na cleachtais agus an fhoghlaim is fearr a roinnt le heagraíochtaí eile

4 Conas measúnú a dhoiciméadú i dtuarascáil chuimsitheach?



Is é is aidhm don chaibidil seo tacaíocht a chur ar fáil maidir le conas toradh measúnaithe idir-inoibritheachta a dhoiciméadú i dtuascáil chuimsitheach. Tá feidhm thábhachtach ag an tuascáil sa timthriall measúnaithe: is bonn ábhartha é don chinnteoireacht agus is féidir leis tacú ansin leis an gcur chun feidhme trí mholtaí a sholáthar, bunaithe ar an tuascáil, chun idir-inoibritheacht trasteorann na seirbhísí poiblí digiteacha tras-Eorpacha a fheabhsú. Agus ar ndóigh, cuireann sé bonn eolais faoin monatóireacht ní hamháin ar IEA ach d'fhéadfadh sé bonn eolais a chur faoi scéimeanna monatóireachta rialtais dhigitigh gaolmhara eile freisin.



Ceanglais na tuascála measúnaithe ar an nGníomh um Eoraip Idir-inoibritheach

Is féidir le heagraíochtaí poiblí iad féin a chinneadh conas an próiseas measúnaithe a eagrú, ach leagtar síos i dtéacs dlíthiúil IEA ceanglais an-soiléire don tuascáil mheasúnaithe¹⁵, ceanglais lena mbaineann na nithe seo a leanas:

1. ní mór í a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin oifigiúil ar a laghad;
2. ní mór di a bheith inléite ag meaisín;
3. ní mór di toradh an mheasúnaithe a chur i láthair (lena n-áirítear na hítimí a liostaítear san larscríbhinn a ghabhann le IEA);
4. ní mór í a chomhroinnt go leictreonach leis an mBord um Eoraip Idir-inoibritheach;
5. ní mór chóir go mbeadh aon fhaisnéis íogair ann.

Mínítear na ceanglais sin ar bhealach níos mionsonraithe sna fo-ailt seo a leanas.

4.1 Foilsiú ar shuíomh gréasáin oifigiúil



Ní mór don tuascáil mheasúnaithe ní hamháin cinnteoirí agus an lucht cur chun feidhme a chur ar an eolas ach freisin aon duine eile a bhféadfadh sé go mbeadh orthu measúnuithe gaolmhara a dhéanamh amach anseo. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an tuascáil ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin oifigiúil amháin ar a laghad. Ciallaíonn suíomh gréasáin oifigiúil sa chás seo suíomh gréasáin poiblí atá faoi fhreagracht bhuan eagraíochta poiblí, ach ní gá gurb é suíomh gréasáin na heagraíochta a dhéanann an measúnú é. **Ainmníonn na húdaráis inniúla**

náisiúnta suíomh poiblí den sórt sin.

Níl aon cheanglas dlíthiúil ann suíomh gréasáin nua a chur ar bun chun na críche sin. Beidh an tuascáil ar fáil freisin ar an tairseach um Eoraip Idir-inoibritheach. Go hidéalach, ba cheart go mbeadh naisc chuig an tuascáil ar gach suíomh gréasáin ina rachadh na daoine sin ar féidir leo tairbhe a bhaint as an

¹⁵ Féach Airteagal 3(2), an dara habairt, agus aithris 22 IEA.

tuarascáil mheasúnaithe a léamh agus ina n-aimseoidís faisnéis den sórt sin de ghnáth. Is féidir foilseacháin bhreise a dhéanamh i bhfoirmeacha eile freisin (e.g. i bhfoirm páipéir nó in irisí sonracha).

4.2 Meaisín-inléiteacht



Ciallaíonn **meaisín-inléite** go gcuirtear an fhaisnéis **ar fáil ar bhealach ar féidir le meaisín í a phróiseáil agus a thuiscint go héasca**. Ciallaíonn sé sin nach leor an fhaisnéis sin a bheith oscailte agus inrochtana go digiteach. Cloíonn sonraí meaisín-inléite le struchtúir nó formáidí sonracha a ligeann do chórais uathoibrithe iad a léirmhíniú gan idirghabháil ó dhaoine a bheith ag teastáil.

Is féidir meaisín-inléiteacht chun críocha tuarascálacha measúnaithe a chinntiú trí úsáid a bhaint as **scéimre iomchuí meiteashonraí**. Ina theannta sin, is féidir inchomparáideacht agus in-athúsáidteacht na sonraí a thuairiscítear a fheabhsú trí bhealaí caighdeánaithe chun na sonraí a léiriú a athúsáid (mar shampla, iad a ailíniú le samhlacha séimeantacha comhfhreagracha atá á bhforbairt faoi láthair). Trí úsáid a bhaint as na huirlisí a chuireann an Coimisiún ar fáil, is féidir a chinntiú go mbeidh meaisín-inléiteacht ann amach anseo. Cuimseofar ar na huirlisí sin **uirlis ar líne chun an tuarascáil a sholáthar** go díreach ar an tairseach um Eoraip Idir-inoibritheach. **D'fhéadfaí API agus an doiciméadacht a ghabhann leis** a fhorbairt freisin chun sonraí meaisín-inléite a mhalartú tríd an API seo a phlugaíl isteach in aon fhreastalaí.

Cuimhnigh nach gcuireann an ceanglas an tuarascáil a eisiúint i bhformáid mheaisín-inléite ar ceal an oibleagáid an tuarascáil a dhéanamh **inrochtana ar shuíomh gréasáin i bhformáid atá inléite ag an duine** atá deartha chun ligean do dhaoine í a thuiscint go díreach.

4.3 Ábhar íosta na tuarascála

Leagtar amach ábhar íosta na tuarascála san larscríbhinn a ghabhann le IEA. Ní chumhdaítear leis an treoir seo ach an t-ábhar íosta agus ní chumhdaítear aon ghné eile léi. Mar cheann de na huirlisí tacaíochta le haghaidh measúnuithe idir-inoibritheachta, tá samhail sonraí á hullmhú ag an gCoimisiún freisin le haghaidh tuarascálacha measúnaithe atá le foilsiú ar an tairseach um Eoraip Idir-inoibritheach. Tá roinnt moltaí sa tábla thíos chun cabhrú leat an fhaisnéis a eisiúint i bhformáid mheaisín-inléite. Mar a luadh cheana, ní eisiatar leis seo foilsiú comhuaineach i bhformáidí eile.

Tábla 1: Faisnéis a dhéanamh inléite ag meaisín

• Ítim	• Samhlacha sonraí inúsáidte
• 1. Faisnéis Ghinearálta	
• Eintiteas an Aontais nó comhlacht na hearnála poiblí a sholáthraíonn an tuarascáil agus faisnéis ábhartha eile	• Croístór Focal na nEagraíochtaí Poiblí
• An tionscnamh, tionscadal nó gníomhaíocht lena mbaineann	• Ba cheart go gcuideodh an mhír seo leis an úsáideoir comhthéacs an mheasúnaithe idir-inoibritheachta a thuiscint. Is féidir leis, mar shampla, naisc a sholáthar chuig suíomhanna

	gréasáin oifigiúla eile ina bhfoilseofar togra reachtach nó glao ar thairiscintí. Is féidir le hinstiúidí an Aontais Eorpaigh, mar shampla, nasc a dhéanamh leis an tairseach 'Cloisimis Uait'. Réiteach ábhartha maidir le hacmhainní dlí is ea Eolas faoi ELI — EUR-Lex (europa.eu).
2. Ceanglais	
Na seirbhísí poiblí digiteacha tras-Eorpacha lena mbaineann	Próifíl Iarratais ar Chroístór Focal na Seirbhíse Poiblí
Ceanglais cheangailteacha a ndearnadh measúnú orthu	- Tá cleachtais éagsúla ann maidir le ceanglais a dhoiciméadú (mar shampla, scéalta úsáideoirí nó cásanna úsáide). Cuireann siad sin breisluach le comhthéacsanna éagsúla (féach Caibidil 3 freisin). - Pointe tosaigh féideartha: Croíchritéar agus Croístór Focal Fianaise, Croístór Focal Measúnaithe.
Geallsealbhóirí poiblí agus próibháideacha dá ndéantar difear	- Sa mhír seo, d'fhéadfadh sé gur leor an chatagóir geallsealbhóra lua, seachas gach geallsealbhóir ar leith. Cuirfidh na huirlisí atá á bhforbairt faoi láthair ag an Coimisiún bealach struchtúrtha ar fáil chun an fhaisnéis sin a ghabháil. - Mar réiteach idir-inoibritheachta séimeantach, d'fhéadfaí foclóiríní rialaithe a úsáid ar eintitis phoiblí agus phríobháideacha (mar shampla croífhoclóiríní gnó) agus ointeolaíocht fearainn ar nós NACE¹⁶ nó COFOG¹⁷.
Éifeachtaí sainaitheanta ar idir-inoibritheacht trasteorann	Gabhfaidhna huirlisí a chuirfidh an Coimisiún ar fáil an fhaisnéis sin trí shraith idir-inoibritheachta chun loighic CEI a leanúint.

¹⁶ Is córas aicmithe caighdeán tionscail Eorpach é NACE (Nomenclature des Activités Économiques dans la Communauté Européenne) chun aicmithe gnó a ionchódú.

¹⁷ D'fhorbair an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta aicmiú fheidhmeanna an rialtais ina leagan reatha in 1999 agus d'fhoilsigh Rannán Staidrimh na Náisiún Aontaithe é mar chaighdeán lena n-aicmítear cuspóirí ghníomhaíochtaí an rialtais.

AN COIMISIÚN EORPACH – (DRÉACHT) TREOIRLÍNTE MAIDIR LE MEASÚNUITHE IDIR-INOIBRITHEACHTA

	Éifeachtaí sainaitheanta ar idir-inoibritheacht trasteorann dhlíthiúil	Bain úsáid as NIF nó CEI mar bhonnlíne agus cuir tic leis an gceann is iomchuí, agus míniú á thabhairt más gá (ar a laghad don fhormáid atá inléite ag an duine): <table border="1"> <tr> <td>Tairbhiúil</td><td></td><td></td></tr> <tr> <td>Diomaibhseach</td><td></td><td></td></tr> <tr> <td>Rioscúil</td><td></td><td></td></tr> </table>	Tairbhiúil			Diomaibhseach			Rioscúil		
Tairbhiúil											
Diomaibhseach											
Rioscúil											
	Éifeachtaí sainaitheanta ar idir-inoibritheacht trasteorann eagraíochtúil	Bain úsáid as NIF nó CEI mar bhonnlíne agus cuir tic leis an gceann is iomchuí, agus míniú á thabhairt más gá (ar a laghad don fhormáid atá inléite ag an duine) <table border="1"> <tr> <td>Tairbhiúil</td><td></td><td></td></tr> <tr> <td>Diomaibhseach</td><td></td><td></td></tr> <tr> <td>Rioscúil</td><td></td><td></td></tr> </table>	Tairbhiúil			Diomaibhseach			Rioscúil		
Tairbhiúil											
Diomaibhseach											
Rioscúil											
	Éifeachtaí sainaitheanta ar idir-inoibritheacht trasteorann shéimeantach	Úsáid NIF nó CEI mar bhonnlíne agus cuir tic leis an gceann is iomchuí, agus míniú á thabhairt más gá (ar a laghad don fhormáid atá inléite ag an duine) <table border="1"> <tr> <td>Tairbhiúil</td><td></td><td></td></tr> <tr> <td>Diomaibhseach</td><td></td><td></td></tr> <tr> <td>Rioscúil</td><td></td><td></td></tr> </table>	Tairbhiúil			Diomaibhseach			Rioscúil		
Tairbhiúil											
Diomaibhseach											
Rioscúil											
	Éifeachtaí sainaitheanta ar idir-inoibritheacht trasteorann theicniúil	Bain úsáid as NIF nó CEI mar bhonnlíne agus cuir tic leis an gceann is iomchuí, agus míniú á thabhairt más gá (ar a laghad don fhormáid atá inléite ag an duine) <table border="1"> <tr> <td>Tairbhiúil</td><td></td><td></td></tr> <tr> <td>Diomaibhseach</td><td></td><td></td></tr> <tr> <td>Rioscúil</td><td></td><td></td></tr> </table>	Tairbhiúil			Diomaibhseach			Rioscúil		
Tairbhiúil											
Diomaibhseach											
Rioscúil											
3. Torthaí											
	Réitigh um Eoraip idir-inoibritheach arna sainaitheint lena n-úsáid	- Níl siad sin ar fáil go fóill ach tá sé beartaithe go mbeidh aitheantóirí uathúla ag gabháil leo chomh maith le naisc chuig na leathanaigh ábhartha ar an tairseach um Eoraip Idir-inoibritheach. - Ba cheart go gcuimseofaí sa tuarascáil liosta de réitigh um Eoraip Idir-inoibritheach a sainaitheint mar réitigh ábhartha agus na ceanglais á gcur chun feidhme. Mura meastar go bhfuil aon réiteach ábhartha, ba cheart é sin a thabhairt faoi deara freisin.									

Réitigh idir-inoibritheachta ábhartha eile, i gcás inarb infheidhme (lena n-áirítear comhéadan meaisín le meaisín)	- Ba cheart liosta de réitigh idir-inoibritheachta a áireamh sa tuarascáil seachas réitigh shainaitheanta maidir le hEoraip Idir-inoibritheach. - Go hidéalach, ba cheart go gcuimseofaí sa tuarascáil naisc chuig réitigh faoi seach ar an tairseach um Eoraip Idir-inoibritheach, ar thairseacha náisiúnta nó ar thairseacha ábhartha eile.
Na bacainní atá fós ann ar idir-inoibritheacht trasteorann	Ba cheart a áireamh sa tuarascáil liosta de na bacainní braite atá fós ann maidir le hidir-inoibritheacht trasteorann atá nasctha leis na ceanglais cheangailteacha a ndearnadh measúnú orthu. D'fhéadfaí faisnéis struchtúrtha a chomhcheangal le míniú gairid ar an bhfáth nach féidir aghaidh a thabhairt orthu agus ar an méid a bheadh ag teastáil chun iad a sháru.

4.4 Comhroinnt leis an mBord um Eoraip Idir-inoibritheach

Ní hamháin go bhfuil na sonraí i dtuarascálacha ábhartha don chinneadh a ullmhaíonn siad agus do lucht cur chun feidhme na gcinntí sin ach is sonraí stiúrtha an-spéisiúla iad freisin don Bhord um Eoraip Idir-inoibritheach. Má tá sonraí ardcháilíochta sna tuarascálacha, is féidir é sin a úsáid chun cinntí sonraíbhunaithe a dhéanamh maidir leis na tosaíochtaí atá le teacht (mar shampla, tríd an gclár oibre um Eoraip Idir-inoibritheach).

Dá bhrí sin, le IEA, is gá tuarascálacha a sheoladh go leictreonach chuig an mBord. Tuarascálacha a chomhroinntear tríd an uirlis ar líne le haghaidh tuarascálacha measúnaithe a sholáthraítear ar [an tairseach um Eoraip Idir-inoibritheach](#), measfar gur tuarascálacha iad a seoladh chuig an mBord. Chuirfeadh na sonraí comhroinnte le monatóireacht agus bheadh siad ar fáil do gheallsealbhoirí eile tríd an tairseach um Eoraip Idir-inoibritheach. Amach anseo, d'fhéadfaí na sonraí a fheabhsú le sonraí faoi thiomáint API chun staitisticí measúnaithe nuashonraithe a sholáthar (mar a thaispeántar sa sampla seo ón bhFrainc).

Níor cheart faisnéis íogair a bheith sa leagan a roinntear leis an mBord go leictreonach.

4.5 Faisnéis íogair a chosaint

Sula bhfoilsítear an tuarascáil, ba cheart d'eagraíochtaí poiblí a chinntiú nach gcuirfeadh an foilsíú isteach ar shonraí pearsanta faoi chosaint, ar chearta maoine intleachtúla ná ar rúin trádála, ar an ord poiblí ná ar an tslándáil. Má bhaineann ceanglais cheangailteacha le córais chriticiúla na mBallstát, ba cheart inneachar na tuarascála a bheith fós ar leibhéal sách ard nach bhfuil faisnéis inti a d'fhéadfadh slándáil na gcóras sin a chur i mbaol (mar shampla d'fhéadfadh an tuairisc ar na ceanglais a bheith sách ardleibhéil agus scríofa ar bhealach nach gcuirfeadh slándáil i mbaol). Rogha eile a bheadh ann faisnéis íogair a fhágáil ar lár. Más faisnéis íogair cheana féin é ceanglas a bheith ann, ní gá an tuarascáil a fhoilsiú ina hiomláine agus d'fhéadfaí í a fhoilsiú i bhfoirm leasaithe in éineacht le míniú ar bhunús dlí an eisiaimh

(mar shampla, an chúis a mheastar go bhfuil sí íogair). Mar sin féin, ní mór an tuarascáil a chur ar fáil agus a roinnt go slán leis na páirtithe lena mbaineann.


Achoimre

Ba cheart achoimre a dhéanamh sa tuarascáil ar na ceanglais cheangailteacha a ndearnadh measúnú orthu; na seirbhísí poiblí digiteacha tras-Eorpacha a sainathnódh; Na héifeachtaí sainaitheanta ar idir-inoibritheacht trasteorann; agus na réitigh um Eoraip Idir-inoibritheach nó réitigh idir-inoibritheachta eile a mholtar. Ba cheart aird a tharraingt ann freisin ar aon bhacainní atá fós ann ar idir-inoibritheacht a sainathnódh le linn an mheasúnaithe.


Tá sé de cheangal ar an gCoimisiún uirlisí teicniúla a chur ar fáil chun tacú leis an measúnú idir-inoibritheachta, lena n-áirítear uirlis ar líne chun cur i gcrích na tuarascála agus a foilsiú ar an tairseach um Eoraip Idir-inoibritheach a éascú. Tá sé beartaithe go mbeidh na huirlisí uile bunaithe ar shamhail sonraí oscailte a dhíorthaítear ón seicliosta coiteann le haghaidh tuarascálacha measúnaithe idir-inoibritheachta (a sholáthraítear san larscríbhinn a ghabhann leis an nGníomh).

Níl úsáid na n-uirlisí éigeantach ach moltar go mór é toisc go mbeidh siad leabaithe freisin i gcomhthéacs níos leithne na tairsí um Eoraip Idir-inoibritheach, áit a bhfoilsítear na tuarascálacha — rud a fhágfaidh go mbeidh rochtain ag níos mó geallsealbhóirí orthu amhail eagraíochtaí poiblí agus, ar an gcaoi sin, foghlaim fhrithpháirteach agus athúsáid sonraí, coincheap agus réiteach a mhéadú.

5 Conas rialachas fóna a bhunú don phróiseas measúnaithe idir-inoibritheachta i d'eagraíocht?



Sa chaibidil seo a leanas tugtar comhairle maidir le rialachas le haghaidh gnéithe éagsúla de mheasúnuithe idir-inoibritheachta a chruthú, a chur chun feidhme agus a bhainistiú den chéad uair in eintiteas de chuid an Aontais nó i gcomhlacht de chuid na hearnála poiblí. I bhfianaise éagsúlacht na struchtúr agus na bpróiseas in eagraíocht phoiblí agus éagsúlacht na dtopaicí ar féidir aghaidh a thabhairt orthu i measúnú idir-inoibritheachta (ceisteanna dlíthiúla, teicniúla, séimeantacha agus eagraíochtúla), ní féidir réiteach a oireann do chách a bheith sa chaibidil seo ach leagtar béim inti ar theachtaireachtaí ginearálta. Tá siad sin neamhcheangailteach toisc gur faoi údaráis inniúla an Aontais agus faoi údaráis inniúla náisiúnta atá sé an córas rialachais a bhunú nó cuidiú lena bhunú maidir leis na próisis mheasúnaithe chomh maith le haon treoir bhreise a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil a eisiúint. Leis an gcaibidil seo breathnófar níos doimhne isteach sna nithe seo a leanas:



1. rialachas fóna a bhunú le haghaidh measúnuithe
2. an comhthéacs sonrach a chur san áireamh
3. inbhuanaitheacht an phróisis agus an fhoghlaím fhrithpháirteach a áirithiú
4. cumasóirí (boga) le haghaidh measúnuithe idir-inoibritheachta

5.1 Comhdhéanamh an rialachais fhóna

Fágann IEA cur chun feidhme na measúnuithe idir-inoibritheachta faoi rogha riaracháin na n-eagraíochtaí poiblí lena mbaineann. Ciallaíonn sé sin gur féidir le heintitis a dhéanann measúnuithe idir-inoibritheachta cinneadh a dhéanamh maidir leis an bpróiseas is fearr agus a shainiúlachtaí — ar choinníoll go n-urramaítear leo na ceanglais choiteanna a leagtar síos in Airteagal 3 IEA.


Agus machnamh á dhéanamh ar rialachas na measúnuithe idir-inoibritheachta i gcoitinne, tá sé ríthábhachtach gan féachaint ar an measúnú idir-inoibritheachta mar chleachtadh aonair ach mar chuid d'éiceachóras níos mó laistigh d'fheidhmiú foriomlán eagraíochta poiblí (lena n-áirítear próisis ceaptha beartas, próisis mheastóireachta agus saolré na seirbhísí poiblí digiteacha) agus, ar an gcaoi sin, é a nascadh le rialachas na bpróiseas sin agus le rialachas shaolré TF.

Is cuid é sin den mheon ceaptha beartas atá réidh don digitiú¹⁸ — an próiseas chun beartais agus reachtaíocht atá réidh don digitiú a cheapadh trí ghnéithe digiteacha a mheas ó thús an timthrialla beartais, lena gcinnteofar go mbeidh siad réidh don ré dhigiteach, slán i bhfad na haimsire agus idir-inoibritheach. Mar shampla, sna cásanna a luaitear sna treoirlínte seo, d'fhéadfadh an deighilt chultúrtha idir an saol dlíthiúil agus an saol digiteach a bheith ina cúis le costais cur chun feidhme gan choinne ós rud é nár measadh éifeachtaí na gceanglas ceangailteach luath go leor. Sa chás sin, is é is aidhm don chur chuige ceaptha beartas atá réidh don digitiú an deighilt sin a laghdú trí chuidiú leis an

¹⁸ Is féidir tuilleadh eolais a fháil anseo: [Ceapadh beartas atá réidh don digitiú | An Tairseach um Eoraip Idir-inoibritheach](#), agus sna samplaí praiticiúla a luaitear i gCaibidil 3: cleachtais in [Uirlis #28 an Choimisiúin i mBosca Uirlisí an Choimisiúin Eorpaigh um Rialáil Níos Fearr](#); An Danmhairg [Reachtaíocht atá réidh le haghaidh digitiú \(digst.dk\)](#); agus an Ghearmáin [Digitalcheck: An leagan béite a bheachtú céim ar chéim | DigitalService \(bund.de\)](#).

úsáid is fearr a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha agus as sonraí digiteacha chun ceanglais nua a chur chun feidhme go rianúil ar mhaithe leis an éifeacht atá beartaithe dóibh.

Dá bhrí sin, ba cheart gurbh é an túsphointe an measúnú idir-inoibritheachta a chomhtháthú in aon phróisis atá ann cheana. D'fhéadfaí a áireamh orthu sin comhairliúcháin le geallsealbhóirí, seiceálacha digiteacha nó próisis mheasúnaithe atá ann cheana. Cuimhnigh, a luaithe a dhéanfar an measúnú, is amhlaidh is éasca a bheidh sé aghaidh a thabhairt ar aon saincheistanna idir-inoibritheachta trasteorann a d'fhéadfadh a bheith ann agus ar an gcaoi sin cáilíocht na seirbhísí dá ndéantar difear a fheabhsú. Dá bhrí sin, cinntigh, agus an próiseas á bhunú, go ndéanfar an measúnú a luaithe is féidir.



Samplaí de cheisteanna do ghníomhaithe ag céimeanna éagsúla den Phróiseas Measúnuithe Idir-inoibritheachta (IOP) chun córas dea-rialachais a bhunú le haghaidh measúnuithe idir-inoibritheachta

D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le rialachas leanúnach ar mheasúnuithe aonair freisin. Trí iarrachtaí pearsanra a ailíniú go héifeachtúil le próisis rialachais (a bhfuil leibhéil eagraíochtúla éagsúla ag baint leo), is féidir an obair is gá a laghdú go suntasach. Chuige sin, is féidir leis na Ballstáit cinneadh a dhéanamh iad féin maidir le conas acmhainní inmheánacha a leithdháileadh agus comhar a mhúnlú¹⁹.


De réir Airteagal 17 IEA, ní mór do phointe teagmhála aonair (SPOC) gach Ballstáit tacú le comhlachtaí earnála poiblí laistigh den Bhallstát na próisis trína ndéanann siad measúnuithe idir-inoibritheachta a chur ar bun nó a oiriúnú. Tá cúram comhchosúil ar na comhordaitheoirí idir-inoibritheachta in eintitis

¹⁹ 'Chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht an chúraim sin a áirithiú, is féidir le Ballstát cinneadh a dhéanamh faoi na hacmhainní inmheánacha agus faoin gcomhoibriú idir a chomhlachtaí de chuid na hearnála poiblí atá riachtanach chun tacú leis na measúnuithe idir-inoibritheachta sin a dhéanamh'. (aithris 16 IEA).

an Aontais (Airteagal 18 IEA)²⁰. Mura bhfuil tú cinnte conas an próiseas measúnaithe a chomhtháthú nó faoi rialachas i gcoitinne, smaoinigh ar theagmháil a dhéanamh le do SPOC chun a fháil amach an bhfuil faisnéis acu faoin gcaoi ar roghnaigh eagraíochtaí poiblí eile an próiseas a chur ar bun. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún freisin dea-chleachtais, ábhair oiliúna agus deiseanna eile a bhailiú chun faisnéis a mhalartú ar an tairseach um Eoraip Idir-inoibritheach.

5.2 Spleáchas ar chomhthéacs

Braitheann socrú an phróisis measúnaithe amach anseo go mór ar an gcomhthéacs ina ndéanfar é a chomhtháthú. Mar sin féin, tá roinnt pointí ginearálta ann nach mór a bheith ar an eolas fúthu.



5.2.1 Struchtúir rialtais

Beidh ar gach eagraíocht phoiblí an measúnú idir-inoibritheachta a chomhtháthú i struchtúir rialtais éagsúla — cuid acu níos láraithe, cuid eile níos díláraithe. Go háirithe i mBallstáit a bhfuil struchtúr stáit cónaidhme acu, d'fhéadfadh sé go mbeadh roinnt údarás inniúil ann a mbeidh orthu oibriú i gcomhar lena SPOC ionas gur féidir le faisnéis sreabhadh go comhsheasmhach. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, agus na próisis á mbunú in eagraíocht phoiblí, an socrú rialtais ar leith a thuiscint agus treoir na SPOCanna nó na gcomhordaitheoirí idir-inoibritheachta faoi seach a leanúint.

5.2.2 Aibíocht idir-inoibritheachta

Bíonn tionchar ag aibíocht idir-inoibritheachta eagraíochta ar an bpróiseas measúnaithe idir-inoibritheachta freisin. D'fhéadfadh sé go mbeadh níos lú acmhainní ag teastáil ó eagraíochtaí a bhfuil leibhéal níos airde aibíochta idir-inoibritheachta acu le haghaidh na measúnuithe sin mar gheall ar na straitéisí agus na huirlisí atá ann cheana. D'fhéadfaí a áireamh orthu sin cur chun feidhme NIFanna, straitéisí TF, ailtireachtaí tagartha, croífhoclóiríní nó próisis chomhairliúcháin sheanbhunaithe. Má tá próisis mheasúnaithe idir-inoibritheachta i bhfeidhm cheana féin (mar shampla, má tá uirlisí á n-úsáid agat chun measúnú a dhéanamh ar aibíocht idir-inoibritheachta na seirbhísí poiblí digiteacha atá ann cheana), smaoinigh ar an gcaoi ar féidir na próisis sin agus/nó a dtorthaí a chomhtháthú sa phróiseas measúnaithe idir-inoibritheachta. Mura mbaineann sé sin leat, féach an féidir leat cur chun feidhme

²⁰ 'Beidh na cúraimí seo a leanas ar an bpointe teagmhála aonair: (...) tacú le comhlachtaí earnála poiblí laistigh den Bhallstát na próisis a chur ar bun nó a oiriúnú trína ndéanann siad na measúnuithe idir-inoibritheachta dá dtagraítear in Airteagal 3 agus san Iarscríbhinn'; agus Airteagal 18 de GEI 'Cuirfidh an comhordaitheoir idir-inoibritheachta tacaíocht ar fáil ar fud an eintitis sin de chuid an Aontais maidir le próisis inmheánacha a chur ar bun nó a oiriúnú chun an measúnú idir-inoibritheachta a chur chun feidhme'. (Airteagal 17 de GEI).

measúnuithe idir-inoibritheachta a chomhcheangal le bearta a neartódh aibíocht fhoriomlán idir-inoibritheachta d'eagraíochta.

5.2.3 Ceachtanna a foghlaimíodh ó chásanna roimhe seo

Is féidir leat próisis áirithe laistigh de d'eagraíocht atá an-idir-inoibritheach cheana féin a shainaithint. Is cuma an bhfuil feidhm ag an idir-inoibritheacht maidir leis an leibhéal trasteorann nó nach bhfuil, ba cheart duit a chinntiú go bhfoghlaimíodh tú ó na cásanna sin toisc go bhféadfadh na sásraí céanna a bheith infheidhme maidir le cásanna úsáide eile. Is cuma mura bhfuil cás ar leith ag teacht go foirfe le do chás úsáide; is féidir leat codanna áirithe den phróiseas a oiriúnú fós nó na cásanna sin a scrúdú chun tuiscint níos fearr a fháil ar an idir-inoibritheacht agus ar na próisis a bhaineann léi. D'fhéadfaí teacht ar mheasúnuithe gaolmhara freisin i réimse na slándála TF nó na cosanta sonraí, agus d'fhéadfaí iad a úsáid mar shamplaí cabhracha.

5.2.4 Rialachas gaolmhar atá ann cheana

Le hAirteagal 17(4) IEA ceanglaítear ar na Ballstáit na struchtúir chomhair is gá a chur ar bun idir na húdaráis náisiúnta uile a bhfuil baint acu le IEA a chur chun feidhme. Is féidir iad sin a bhunú ar shainorduithe agus ar phróisis atá ann cheana. D'fhéadfadh próisis a bheith i bhfeidhm cheana féin chun roinnt cinntí a dhéanamh a cheanglaíonn eagraíochtaí poiblí go dlíthiúil, go conarthach nó go teicniúil, agus d'fhéadfadh na próisis sin a bheith faoi réir struchtúir agus nósanna imeachta rialachais atá ann cheana ar nós measúnuithe tionchair. Déan iarracht áit an mheasúnaithe idir-inoibritheachta sna próisis sin a shainaithint, mar shampla trí mheasúnuithe ábhartha eile a shainaithint chun teacht ar an bpointe iontrála is ábhartha le haghaidh measúnuithe idir-inoibritheachta agus chun 'measúnuithe siblíneacha' a shainaithint. Chuideodh foghlaim ó mheasúnuithe comhchosúla leat a chinneadh an gá measúnú idir-inoibritheachta a dhéanamh i do chás nó an bhfuil an oibleagáid comhlíonta ag measúnú siblíneach nó ag measúnú roimhe sin.

5.3 Inbhuanaitheacht, feabhas leanúnach agus foghlaim fhrithpháirteach

Cosúil le haon phróiseas eagraíochtúil, ní mór don phróiseas measúnaithe idir-inoibritheachta agus dá rialachas a bheith inbhuanaithe agus a fheabhsú le himeacht ama. Is féidir le modhanna cosúil leis an lúb OODA (Observe-Orient-Decide-Act) nó an timthriall PDSA (Plan-Do-Study-Adjust) cabhrú leis seo.

De réir mar a fhaigheann tú taithí ar mheasúnuithe idir-inoibritheachta, glac do chuid ama chun machnamh agus doiciméadú a dhéanamh ar na ceachtanna a foghlaimíodh don phróiseas iomlán chomh maith leis na céimeanna aonair. Cad a d'oibrigh go maith? Cad iad na dúshláin a bhí romhat? Conas is féidir na modhanna measúnaithe a bheachtú? D'fhéadfadh an machnamh sin tú a spreagadh chun do chur chuige measúnaithe a thabhairt cothrom le dáta ionas go mbainfidh meastóireachtaí amach anseo tairbhe as taithí roimhe seo. Smaoinigh ar dhoiciméad 'ceachtanna a foghlaimíodh' a chruthú nó do threoirilínte measúnaithe inmheánaigh a nuashonrú chun na léargais sin a léiriú.

Chuide sin, déan machnamh freisin ar an gceanglas ceangailteach a chur chun feidhme. Fiú má tá tú ag forbairt do mháistirphlean cur chun feidhme go beacht, b'fhéidir go ndéanfa dearmad ar ghnéithe a d'fhéadfadh cur isteach go praiticiúil ar chur i bhfeidhm agus ar an bpróiseas foriomlán. Déan sásraí lúb aiseolais a shuiteáil chun an fhaisnéis seo a chur in iúl do na daoine atá ag déanamh na measúnuithe i ndáiríre. Fotháirge a mbeifear sásta leis is ea go scaipfidh tú úinéireacht an mheasúnaithe iomlán ar gach duine sa slabhra próisis. Ba cheart go gcuirfeadh sé sin leis an spreagadh agus go gcuirfeadh sé le cáilíocht thorthaí an mheasúnaithe. Tá lúba aiseolais mar bhonn freisin le feabhas leanúnach a chur ar an bpróiseas agus, dá bhrí sin, ba cheart go rachaidís níos faide ná measúnuithe idir-inoibritheachta aonair.

Is féidir le heagraíochtaí níos forbartha modhanna a úsáid freisin ar nós an lúb OODA nó timthriall PDSA. Mar shampla, d'fhéadfaí a áireamh i rialachas an mheasúnaithe idir-inoibritheachta sásra chun breathnú ar chur chun feidhme an phróisis measúnaithe idir-inoibritheachta arna ghlacadh ag gach céim aonair, idirghaolmhaireacht na gcéimeanna éagsúla sin agus barúil amháin ar an bpróiseas foriomlán (lena n-áirítear a rialachas). Ba cheart scrúdú leanúnach a dhéanamh ar na modhanna sin d'fhonn éifeachtacht agus éifeachtúlacht an phróisis measúnaithe idir-inoibritheachta a fheabhsú.

Tá sé tábhachtach freisin dea-chleachtais agus ceachtanna a foghlaimíodh a roinnt le heagraíochtaí eile. Iarracht chomhchoiteann is ea an idir-inoibritheacht agus is féidir leis an malartú eolais dlús a chur le feabhsuithe ar fud earnáil phoiblí iomlán an Aontais. Machnamh a dhéanamh ar rannchuidiú leis an gComhphobal²¹ um Eoraip Idir-inoibritheach nó dul i mbun malartuithe piaraí le riaracháin phoiblí eile. Is féidir ról éascaitheora a bheith ag SPOCanna agus ag comhordaitheoirí idir-inoibritheachta ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais (go háirithe i struchtúir mhóra rialtais lena n-áirítear roinnt údarás inniúil).

5.4 Cumasóirí (boga)

Is féidir le roinnt bearta níos ginearálta difear a dhéanamh freisin agus measúnuithe idir-inoibritheachta á gcur chun feidhme.

5.4.1 Cultúr eagraíochtúil

Maidir le hobair ar idir-inoibritheacht, tá gné chultúrtha na n-eagraíochtaí ríthábhachtach freisin. Is éard atá i gceist le hidir-inoibritheacht oibriú le chéile, ní hamháin stórais theicniúla a bhriseadh síos ach stórais eagraíochtúla freisin. Tá gá le meon sonrach chun luach na hidir-inoibritheachta a aithint. Sa chiall sin, tá níos mó i gceist le measúnuithe idir-inoibritheachta ná próisis theicniúla toisc gur féidir leo a bheith ríthábhachtach chun athrú eagraíochtúil a spreagadh. Trí na measúnuithe sin, faigheann eagraíochtaí tuiscint níos doimhne ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn córais éagsúla agus is féidir leo cinntí níos eolasaí a dhéanamh, ní hamháin maidir le forbairtí TF ach maidir le forbairtí beartais i gcoitinne freisin. Agus breithniú á dhéanamh agat ar conas measúnú idir-inoibritheachta a dhéanamh, ba cheart duit, dá bhrí sin, meon d'eagraíochta a chur san áireamh — agus a mhéid atá a comhaltaí ar an eolas faoi bhreithnithe idir-inoibritheachta agus a mhéid atá siad oscailte dóibh.

5.4.2 Scileanna le haghaidh measúnuithe idir-inoibritheachta

Chun measúnuithe idir-inoibritheachta a dhéanamh, tá gá le scileanna sonracha ba cheart a bheith ar fáil san fhoireann nó sna foirne a dhéanfaidh an measúnú sonrach. Go ginearálta, molaimid foirne ildisciplíneacha a bheith agat, mar d'fhéadfadh sé go n-ardódh measúnuithe saincheisteanna ó réimsí éagsúla — ó chúrsaí beartais go TF nó ceisteanna



²¹ Cuirfear faisnéis faoin gComhphobal ar fáil níos mó agus níos mó ar an tairseach um Eoraip Idir-inoibritheach.

dlíthiúla²². Tá foireann ildisciplíneach comhdhéanta de dhaoine aonair a bhfuil saineolas éagsúil acu a oibríonn ar na tascanna atá idir lámha le chéile. D'fhéadfadh saineolaithe ar an ábhar sonrach (mar shampla, sláinte, cánachas, nó oideachas), dréachtóirí reachtacha, dearthóirí seirbhíse, speisialtóirí rialacha gnó, srl. a bheith san áireamh. Mar thúsphointe chun a chinneadh cé na próifílí a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uait, is féidir leat na gnéithe idir-inoibritheachta éagsúla (dlíthiúil, eagraíochtúil, séimeantach agus teicniúil) a mheas.

D'fhéadfadh sé a bheith deacair d'eagraíochtaí poiblí níos lú saineolaithe oiriúnacha a aimsiú. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, bearta tacaíochta solúbtha a phleanáil, a d'fhéadfadh dul chomh fada leis an tarmligean chun na measúnuithe idir-inoibritheachta a dhéanamh. Mar sin féin, ní hionann an tarmligean agus aistriú na freagrachta dlíthiúla.

5.4.3 Féach an féidir athúsáid agus uathobriú a dhéanamh

Déan cinnte freisin nach mbaileofar ach sonraí ábhartha don mheasúnú idir-inoibritheachta chun iarracht agus acmhainní próiseála sonraí a íoslaghdú. Déan cinnte gur féidir na sonraí a bhailítear a athúsáid a mhéid is féidir le haghaidh measúnuithe agus próisis ghaolmhara.

Déan na huirlisí a chuireann an Coimisiún ar fáil a athúsáid a mhéid is féidir chun na cúraimí sin a uathobriú. Déan comhlánú orthu i gcás inar gá chun a n-uathobriú a uasmhéadú.


Achoimre

Chun luach iomlán na measúnuithe idir-inoibritheachta a bhaint, is gá córas rialachais fóna a bhunú don phróiseas ar fad. Ba cheart go gcuirfeadh sé sin le comhtháthú na measúnuithe sna próisis atá ann cheana (cibé an bhfuil siad sin seanbhunaithe agus soiléir, nó an bhfuil iniúchadh éigin ag teastáil ina leith). Is féidir le SPOC i mBallstát nó leis an gcomhordaitheoir idir-inoibritheachta in eintiteas de chuid an Aontais malartú eolais a éascú le heagraíochtaí poiblí eile atá ag bunú próiseas freisin.

Tá sé tábhachtach an comhthéacs ina ndéantar na measúnuithe sin a mheas toisc go bhféadfadh léargas luachmhar chomh maith le féidearthachtaí athúsáide a bheith ag baint le struchtúr an rialtais, leis na próisis rialachais atá ann cheana a bhaineann leis na measúnuithe nó leis na cásanna úsáide atá ann cheana. Tá sé inmholtá freisin machnamh a dhéanamh ar chultúr na heagraíochta ina socrófar an measúnú chomh maith leis na scileanna atá ann cheana.

²²Chun inspioráid a fháil, féach [Páipéar eisiúna maidir le foirne ildisciplíneacha](#).

6 Tuilleadh acmhainní agus tuilleadh forbartha ar na treoirlínte seo



Tá na treoirlínte seo ceaptha a bheith ina gcéad phointe tosaigh maidir le déileáil le measúnuithe idir-inoibritheachta. Tá roinnt acmhainní breise ar fáil cheana féin. Tá cuid eile á bhforbairt nó déanfar iad a fhorbairt sna míonna amach romhainn. Tugtar forbhreathnú gearr sa chaibidil seo ar na hacmhainní atá ar fáil agus a bheidh ann amach anseo agus críochnaítear í le mionsaothrú gearr ar fhorbairt na dtreoirlínte amach anseo.

6.1 Acmhainní atá ann cheana

[An tairseach um Eoraip Idir-inoibritheach](#)

Is í an tairseach um Eoraip Idir-inoibritheach an pointe lárnach le haghaidh malartú eolais, le haghaidh IEA i gcoitinne agus le haghaidh topaicí sonracha araon (mar shampla, measúnuithe idir-inoibritheachta agus fiú réitigh idir-inoibritheachta aonair).

CEI

Is é an [Creat Eorpach Idir-inoibritheachta](#) an doiciméad teorach maidir le hidir-inoibritheacht seirbhísí poiblí san Aontas Eorpach. Gné bhunúsach de CEI is ea go sainmhínítear leis idir-inoibritheacht ní hamháin mar shaincheist theicniúil ach freisin mar shaincheist a bhfuil ceithre ghné ag baint léi (dlíthiúil, eagraíochtúil, séimeantach agus teicniúil). Déantar 47 moladh ann thart ar 12 phrionsabal agus is é an Bord um Eoraip Idir-inoibritheach a stiúrfaidh a fhorbairt bhreise.

Is féidir féachaint ar fhorléargas gairid anseo: [New European Interoperability Framework \(youtube.com\)](#)

Bosca Uirlisí CEI

Ceapadh [Bosca Uirlisí CEI](#) mar threoir do riaracháin phoiblí náisiúnta agus chun iad a fheistiú leis na huirlisí a theastaíonn uathu chun a NIF a ailíniú le CEI chun idir-inoibritheacht ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais a chur chun cinn. Is féidir leat teacht ar [réitigh](#) atá grúpáilte de réir prionsabal freisin.

[Treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr agus an Bosca Uirlisí um Rialáil Níos Fearr](#)

Leagtar amach sna Treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr na prionsabail a leanann an Coimisiún agus tionscnaimh agus tograí nua á n-ullmhú aige, agus nuair a bhíonn reachtaíocht atá ann cheana á bainistiú agus á meastóireacht aige. Tá feidhm ag na Treoirlínte maidir le gach céim den timthriall reachtach. Tá an Bosca Uirlisí um Rialáil Níos Fearr ag gabháil leo, lena gcuirtear na treoirlínte i bhfeidhm agus lena gcuirtear treoir, leideanna agus dea-chleachtais i láthair.

[Acadamh um Eoraip Idir-inoibritheach](#)

Is tionscnamh oideachais é Acadamh um Eoraip Idir-inoibritheach (Acadamh IOPEU) a chuireann an Coimisiún chun cinn. Is é is príomhchuspóir dó borradh a chur faoi ardscileanna digiteacha na riarachán poiblí i réimse na hidir-inoibritheachta. Déantar é sin trí ollchúrsaí féinluais oscailte ar líne a chur ar fáil (MOOCanna) (lena n-áirítear cúrsaí ar idir-inoibritheacht i gcoitinne, CEI agus an Ailtireacht Tagartha Eorpach maidir le hidir-inoibritheacht).

6.2 Uirlisiú amach anseo

Is féidir le huirlisí ar líne a chuireann an Coimisiún ar fáil, atá le húsáid go deonach, cuidiú leis an measúnú idir-inoibritheachta a dhéanamh, agus leis an tuarascáil chomhfhreagrach a tháirgeadh agus a fhoilsiú. Moltar go mór uirlisí an Choimisiúin a úsáid toisc go mbeidh siad leabaithe freisin i gcomhthéacs níos leithne na tairsí um Eoraip Idir-inoibritheach ar a bhfoilsítear na tuarascálacha — rud a fhágfaidh go mbeidh rochtain ag níos mó geallsealbhóirí orthu (amhail eagraíochtaí poiblí) agus, ar an gcaoi sin, foghlaim fhrithpháirteach agus athúsáid sonraí, coincheap agus réiteach a mhéadú. Más mian leat cur le forbairt na n-uirlisí sin trí do thaithí agus do smaointe a roinnt, d'fhéadfá smaoineamh ar pháirt a ghlacadh sna ceardlanna a chuirtear chun cinn ar an tairseach um Eoraip Idir-inoibritheach (mar shampla [cruinnithe grúpa úsáideoirí na tairsí um Eoraip Idir-inoibritheach](#))).

6.3 Treoirlínte a fhorbairt amach anseo

Tá sé i gceist leis an eagrán reatha seo de na treoirlínte treoir a thabhairt duit ní hamháin maidir leis na measúnuithe féin a dhéanamh ach maidir leis na próisis mheasúnaithe a chur ar bun agus iad a chur san áireamh sna próisis atá agat cheana féin. Níl na measúnuithe éigeantach go fóill, mar sin ní féidir linn a rá go cinnte cén chuma a bheidh ar na próisis seo i do chás áirithe. Dá bhrí sin, leanfar leis na treoirlínte a fhorbairt, ag oiriúnú do na himthosca nua a luaithé a bheidh na measúnuithe éigeantach, is é sin, go ndearnadh na chéad mheasúnuithe agus is féidir linn foghlaim fúthu i do thuarascálacha. Dá bhrí sin, molaimid duit do thaithí a dhoiciméadú, ní hamháin maidir leis na treoirlínte a leanúint ach maidir lena gcur i gcrích freisin, agus aiseolas a thabhairt dúinn. Is féidir leat é sin a dhéanamh trí pháirt a ghlacadh inár m**[bailiúchán ar an tairseach um Eoraip Idir-inoibritheach](#)**, áit ar féidir leat teacht i gcónaí ar an leagan is déanaí de na treoirlínte agus ar fhaisnéis úsáideach bhreise, agus áit ar féidir leat páirt a ghlacadh i bplé le cleachtóirí eile.

Cabhróidh do thaithí, mar aon leis an aiseolas a bailíodh ón mBord um Eoraip Idir-inoibritheach agus óna mheithleacha, linn an chéad eagrán eile de na treoirlínte seo a chur ar fáil. Is féidir le measúnuithe a bheith an-éagsúil ó thaobh raon feidhme agus cuspóirí de agus ba cheart na cleachtais reatha a léiriú sna treoirlínte. Dá bhrí sin, déanfar na treoirlínte a athbhreithniú go minic ionas go mbeidh siad chomh hábhartha agus chomh húsáideach agus is féidir.



@InteroperableEU



Join the Interoperable Europe
LinkedIn group



@InteroperableEurope

Subscribe to
the interoperable newsletter
europe